








Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall

County Donegal Vocational Education Committee

# ANNUAL REPORT 2011











# 1 Réamhfhocal

## 1.1 Vision & Mission Statement

### The Vision for Co Donegal VEC

At a series of intensive workshops held as part of the consultation process the following vision and mission statements were agreed for Co. Donegal VEC:

**Our Vision**

'Excellence in a quality, learner-centred education service'

**Our Mission Statement**

'To promote, offer and support accessible and inclusive learning which enables students to empower themselves to reach their full potential'

## Comhaltaí Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall 2011

An Clr Barry O'Neill, Cathaoirleach
An Clr Martin Farren
An Clr David Alcorn
An Clr Michelle Bradley
Mr Peter Cutliffe
An Clr Brendan Byrne
An Clr Dessie Larkin
Mr Francis Mc Daid
An Clr Ian Mc Garvey
An Clr Elizabeth Mc Intyre
An Clr Pádraig Ó Dochartaigh
An Clr Patrick McGowan

Leas-Chathaoirleach
An Clr Joe Doherty
Ms Sinead Gillespie
An Clr Jimmy Kavanagh
An Clr Jim Lynch
Mr Oliver Mc Devitt
An Clr Philip Mc Glynn
Ms Bernie Mulhern
Mr Alan Thompson
An Clr Jack Murray
Ms Mary Ellen Orpen
Ms Marietta Heraghty

# Clár


| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | **Réamhrá** | | 2 |
| | 1.1 Fís agus Ráiteas Misin | | 2 |
| | 1.2 Réamhfhocal ó Chathaoirleach Choiste Gairmoideachais Dún na nGall agus ón Phríomhfheidhmeannach | | 4 |
| | 1.3 Forbhreathnú ar Sholáthar Seirbhíse | | 5 |
| | 1.4 Léarscáil | | 6 |
| 2 | **Plean Oideachais 2011-2015, Réimsí Tosaíochta Tábhachtacha** | | 7 |
| | 2.1 Soláthar agus Forbairt ar Sheirbhísí | | 7 |
| | 2.2 Forbhreathnú ar Sholáthar don Líon Rannpháirtithe | | 8 |
| 3 | **Téama 1** | **Teagasc & Foghlaim** | 10 |
| | Tosaíocht 1 | Cláracha agus Seirbhísí Tacaíochta | 10 |
| | Tosaíocht 2 | Forbairt Scileanna | 14 |
| | Tosaíocht 3 | An Clár Forbraíochta Caipitiúil | 15 |
| | Tosaíocht 4 | Caidreamh Dearfach | 21 |
| | Tosaíocht 5 | Creidiúnú | 23 |
| | Tosaíocht 6 | Treoirsheirbhísí | 23 |
| | Tosaíocht 7 | Cruthaíocht agus Fiontraíocht | 24 |
| 4 | **Téama 2** | **Eagraíocht Fhorásach Fhreagrach** | 25 |
| | Tosaíocht 8 | Struchtúir agus Córais | 25 |
| | Tosaíocht 9 | Rialachas Corparáideach | 25 |
| | Tosaíocht 10 | Sainoilteacht | 31 |
| | Tosaíocht 11 | Tacaíochtaí Foghlama | 31 |
| | Tosaíocht 12 | Comhionannas | 33 |
| | Tosaíocht 13 | Cleachtais Athshlánaíocha | 33 |
| | Tosaíocht 14 | Soláthar Seirbhísí trí mheán na Gaeilge | 34 |
| | Tosaíocht 15 | Réiteach Aighnis | 35 |
| | Tosaíocht 16 | Struchtúir Eagrúcháin curtha in oiriúint do róil | 35 |
| 5 | **Téama 3** | **Ag Úsáid Teicneolaíocht Faisnéise** | 37 |
| | Tosaíocht 17 | Straitéis na Teicneolaíochta Faisnéise & Cumarsáide | 38 |
| | Tosaíocht 18 | Tacaíocht Theicneolaíoch | 38 |
| 6 | **Téama 4** | **Ag Obair I gComhpháirtíocht** | 40 |
| | Tosaíocht 19 | Caidreamh Poiblí | 40 |
| | Tosaíocht 20 | Comhpháirtíochtaí | 40 |
| | Tosaíocht 21 | Soláthar Seirbhísí don Óige | 43 |
| 7 | **Buaicphointí** | | 46 |
| 8 | **Aguisíní** | | 51 |

# 1 Réamhfhocal

## Réamhfhocal an Chathaoirligh agus an Phríomhfheidhmeannaigh

Is cúis bróin mhóir é nach raibh an réamhrá seo do Thuarascáil Bhliantúil 2011 curtha i gcrích ag an Iar-Phríomhfheidhmeannach, MaryAnn Kane, de bharr a bás tobann roimh a ham sa bhliain 2012.

Tá cuimhne cheanúil againn uirthi ina ról i gCoiste Gairmoideachais Dhún na nGall, mar Mhúinteoir, mar Phríomhoide, mar Oifigeach Oideachais agus, ar deireadh, mar Phríomhfheidhmeannach ón bhliain 2009 go dtí a bás míthráthúil i mí Lúnasa 2012.

Ba mhaith linn ár meas agus ar n-ómós a chur in iúl don fhoireann dhíograiseach sna hOifigí Riaracháin, sna Scoileanna, sna Coláistí agus sna hIonaid a thug tacaíocht d'Iníon Uí Chatháin ina ról mar Phríomhfheidhmeannach, go háirithe le linn di a bheith ag troid in éadan a cuid tinnis.

Ar leibhéal pearsanta, ba chomhghleacaí iontach í MaryAnn agus crónóidh an Fhoireann anseo i nArd Uí Dhomhnaill go mór í. Crónófar í fosta sna Scoileanna, sna Coláistí agus sna hIonaid agus i measc an phobail níos leitheadaí. Bhí MaryAnn rannpháirteach i mórán coistí agus grúpaí oibre, ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta araon, go háirithe Cumann na bPríomhfheidhmeannaigh agus na nOifigigh Oideachais.

Lena chois sin, cuireann muid ár meas agus ár mbuíochas in iúl don Fhoireann, do Mhic Léinn, d'Fhoghlaimeoirí, do Bhaill an Choiste agus don pobal gineáralta as ucht a gcionroinnt agus a rannpháirtíocht i gcur ar fáil seirbhísí ar mhaithe le rath leanúnach na heagraíochta mar atá sonraithe anseo, an séú Tuarascáil Bhliantúil.

Táimid ag tnúth go mór le leas leanúnach na heagraíochta agus an dearfacht chun glacadh leis na dúshláin eagrúcháin a thiocfaidh inár mbealach sa bhliain 2012.



An Clr Barry O'Neill
**Cathaoirleach**



Mr Shaun Purcell
**Príomhfheidhmeannach**



Ms MaryAnn Kane R.IP
**Former CEO**

# 1 Réamhfhocal

## Forbhreathnú ar Sholáthar Seirbhíse an Choiste Gairmoideachais

- 15 Scoileanna agus Coláistí (cúig cinn ina nGaelcholáistí) agus dhá Scoil Oileáin in Árainn Mhór agus Toraigh.

- Seacht nIonad Oideachais & Oiliúna dírithe go hiomlán ar Oideachas Aosaigh lánaimseartha, ceann amháin sa Ghaeltacht ina measc, i mBun Cranncha, i mBaile Dhún na nGall, i nGort an Choirce, i Leitir Ceanainn, i mBéal Átha Seanaidh agus i mBaile na nGallóglach, a chuireann ar fáil cúrsaí Ógtheagmhála, Filleadh ar an Oideachas (BTEI), Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Oideachas Pobail, Litearthacht d'Aosaigh agus Treoirchláracha d'Aosaigh. Tá áiseanna Cúram Páistí lonnaithe i naíolanna béal dorais de cheithre Ionad.

- Ionad Eachtraíochta Ghartan – suíomh 87 acra a chuireann oideachas faoin aer ar fáil don Chontae


- Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil – soláthar de theagasc uirlíse agus gutha do gach aoisghrúpa sna Scoileanna agus Coláistí agus ar fud an Chontae


- Soláthar de Chúrsa Dioplóma i Staidéir Drugaí & Alcóil i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Luimnigh do Chontaetha Dhún na nGall, Liatroma & Shligigh trína Comhordaitheoir atá lonnaithe i gCoiste Gairmoideachais Dhún na nGall.

- Riachtanais faoin Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ina measc an Clár Críochnaithe Scoile, an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais agus an Clár Teagmhála Baile/Scoile.

- Oibleagáidí agus freagrachtaí as soláthar den Clár Seirbhísí don Óige ar fud an Chontae faoin Acht um Obair don Óige trína Oifigeach Óige.

- Comhoibriú le Compháirtíocht Spóirt Dhún na nGall agus le Coiste na Seirbhísí Leanaí ar mhaithe le straitéisí a fhorbairt don Chontae.






## VEC Second Level Schools in County Donegal

Abbey Vocational School, Donegal Town
Carrick Vocational School, Carrick
Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn
Coláiste Chineál Eoghain, Buncrana
Coláiste Phobail Scoil Colmcille, Oileán Thóraí
Crana College, Buncrana
Deele College, Raphoe
Errigal College, Letterkenny
Finn Valley College, Stranorlar
Gairmscoil Chu Uladh, Beál an Átha Móir
Gairmscoil Mhic Diarmada, Arranmore
Magh Éne College, Bundoran
Moville Community College, Moville
Mulroy College, Milford
St Catherine's Vocational School, Killybegs

## Adult Education & Training Centres

Ballyshannon
Buncrana
Donegal Town
Glengad
Lifford Youthreach
Gort a' Choirce
Letterkenny
Milford

## Outdoor Education

Gartan Outdoor Education Centre,
Church Hill, Letterkenny

## 1.3 Pleanáil agus Forbairt ar Sholáthar Seirbhíse

D'eascair an Plean Oideachais ó fhorálacha in Ailt 9 agus 30 den Acht Gairmoideachais (Leasú), 2001, a chuireann d'iallach ar an Phríomhfheidhmeannach Plean 5 Bliana a dhréachtú don eagraíocht faoi stiúir na **Foirne Forbartha Straitéise.**



Tá siad seo a leanas leagtha amach sa Phlean Oideachais:-

- **Cuspóirí** an CGO
- **Tosaíochtaí** an CGO
- Na **Bearta a nglacfar leo** chun na cuspóirí aitheanta a chur i gcrích

Tá an Lucht Bainistíochta Sinsearach ó na seirbhísí go léir ina mbaill den Fhoireann Forbartha Straitéise agus gach bliain cuireann siad Plean Seirbhíse, atá bunaithe ar na spriocanna sa Phlean Oideachais, faoi bhráid an Aire Oideachais agus Scileanna.

Nuair a chríochnaigh an plean deireanach sa bhliain 2010, chuir an Fhoireann Forbartha Straitéise an Plean do na cúig bliana amach romhain, 2011-2015, le chéile agus cuireadh faoi bhráid an Aire é.

Ón phróiseas comhairliúcháin do 2011-2015, aithníodh go raibh gá le dara plean na heagraíochta a bheith beacht, ábhartha agus dírithe, ag cur san áireamh na cúinsí polaitiúla, eacnamaíochta, sóisialta, cultúrtha agus teicneolaíochta atá ann i láthair na huaire agus as sin aithníodh 21 tosaíochtaí tábhachtacha faoi ceithre eochairthéama.

## Eochairthéamaí

1. Teagasc agus Foghlaim


2. Freagracht

3. Teicneolaíocht Faisnéise


4. Ag Obair i gComhpháirtíocht

## 1.4 Forbhreathnú ar Sholáthar don Líon Rannpháirtithe

**Figiúr 3.1**
**Líon iomlán foghlaimeoirí in 2011 de réir Rannóige**





**Figiúr 3.2**
**Clárú Daltaí i Scoileanna agus Coláistí Dara Leibhéal 2011**



## 1.4 Forbhreathnú ar Sholáthar don Líon Rannpháirtithe

**Figiúr 3.3**

**Líon na bhFoghlaimeoirí a chláraigh in Oideachas Aosach Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall in 2011**





**Figiúr 3.4**

**Seirbhísí Oideachais d'Aosaigh Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall - Líon Rannpháirtithe 1998 - 2011**

**Co Donegal VEC – Adult Education Participation Figures 1998-2011**

| | BTEI | Adult Guidance Service | Basic Education | Community Education | VTOS | Youthreach & STTC | Night Classes | ITTC | Mobile IT Unit | OVERALL TOTAL |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1998** | | | 150 | | | 104 | | 267 | | 521 |
| **1999** | | | 225 | | 85 | 139 | 1,375 | 289 | | 2,113 |
| **2000** | | | 477 | 2,840 | 120 | 164 | 3,276 | 339 | 252 | 7,468 |
| **2001** | | | 656 | 2,790 | 160 | 164 | 4,107 | 512 | 1,331 | 9,720 |
| **2002** | | 141 | 1,379 | 4,150 | 180 | 189 | 3,987 | 574 | 1,431 | 12,031 |
| **2003** | 378 | 335 | 1,536 | 4,725 | 180 | 189 | 3,852 | 765 | 1,442 | 13,402 |
| **2004** | 786 | 462 | 1,863 | 4,619 | 180 | 189 | 3,669 | 929 | 1,274 | 13,971 |
| **2005** | 795 | 772 | 2,333 | 3,926 | 180 | 189 | 3,012 | 590 | 1,025 | 12,822 |
| **2006** | 719 | 744 | 3,189 | 4,380 | 180 | 189 | 2,885 | 585 | 973 | 13,844 |
| **2007** | 668 | 741 | 3,118 | 5,600 | 180 | 189 | 2,256 | 698 | 732 | 14,182 |
| **2008** | 619 | 811 | 2,935 | 4,321 | 180 | 199 | 1,945 | 392 | 611 | 12,013 |
| **2009** | 458 | 755 | 3,261 | 4,798 | 180 | 194 | 2,011 | 485 | 523 | 12,665 |
| **2010** | 435 | 733 | 2,747 | 5,342 | 180 | 184 | 1,644 | 896 | 328 | 12,489 |
| **2011** | 777 | 774 | 2,674 | 5,629 | 180 | 177 * (YR = 160) | 1,117 | 1,125 | 242 | 12,695 |

** STTC closed in July 2011*



3 Téama 1

# Teagasc agus Foghlaim

## Tosaíocht 1

**Cláracha oideachasúla agus seirbhísí tacaíochta a thairiscint agus atá in oiriúint do riachtanais atá ag athrú go tapa i measc daoine aonair, an tsochaí agus an gheilleagair**

- Coláiste Pobail na Maoile Rua: ofráladh cúrsaí Oideachais Aosaigh i nGarchabhair, SAGE agus rinneadh forbairt bhreise ar a rannóg FETAC
- Coláiste Magh Éne: tugadh isteach cúrsa nua Iar-Ardteisiméireachta – Cúrsa Réamhaltranais agus Cúntóireacht Tréadliachta ag FETAC Leibhéal 5.
- Lean trí scoil ar aghaidh lena rannpháirtíocht sa tionscnamh náisiúnta ar a dtugtar an Clár i gCeannaireacht Theagascach: Gairmscoil Chaitríona, Coláiste Pobail na Maoile Rua agus Coláiste Magh Éne
- Gairmscoil Chú Uladh: tugadh isteach cúrsa nua i dTeanga Chomharthaíochta san Idirbhliain
- Gairmscoil Mhic Dhiarmada: glacadh páirt sa Tionscnamh i Léitheoireacht Luathaithe. Ceapadh Comhordaitheoir Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail
- Gairmscoil Chaitríona: tugadh isteach cúrsa FETAC Leibhéal 6 i gCúram agus Oideachas na Luath-óige mar bhealach chun cinn d'fhoghlaimeoirí a chríochnaigh FETAC leibhéal 5
- Coláiste Phobail Colmcille: tugadh isteach cúrsa deimhnithe i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL) ar fud na scoile
- Gairmscoil na Mainistreach: ceapadh Múinteoir Idirchaidrimh um Iompar Dearfach
- Coláiste Cranncha: den chéad uair, bhí Eolaíocht Talmhaíochta mar ábhar sa scrúdú Ardteistiméireachta agus thug Coláiste na Daoile an t-ábhar céanna isteach mar ábhar úrnua
- Tá Polainnis anois ina hábhar don scrúdú Ardteistiméireachta i gColáiste an Earagail. Lena chois sin, d'oscail Coláiste an Earagail aonad nua do dhaltaí le neamhord ar speictream an uathachais (ASD)
- Coláiste Chineál Eoghain: cuireadh Ceol agus Fisic ar fáil don sraith shinsearach. Osclaíodh Club d'Obair Bhaile chomh maith.
- Rinne Coláiste Ghleann na Finne athbhreithniú ar na Cláracha do Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT/LCVP) agus don Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Cuireadh cúrsa oíche i Matamaitic ar fáil sa choláiste do thuismitheoirí.
- Lean an Chomhpháirtíocht d'Oideachas Ceoil ar aghaidh lena soláthar múinteoireachta uirlise agus gutha do dhaoine aonair agus do ghrúpaí. Rinne an tseirbhís leathnú ar líon na dtaibhghrúpaí ar mhaithe le Ensemble Snagcheoil agus Cór Óige a chur san áireamh.
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS): ofráladh réimse clár, ina measc cúrsa i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide agus Cúrsa Cúraim. Lena chois sin, cuireadh an tArdteistiméireacht ar fáil in Ionad SDOG i Leitir Ceanainn.
- Chuir an tIonad Traenála i dTeicneolaíocht Faisnéise cúrsa FETAC Leibhéal 4 i Mórscileanna Fostaíochta ar fáil do dhaoine le míchumais

• Rinne an tSeirbhís d'Oideachas Pobail méadú ar líon na gCúrsaí Garraíodóireachta mar gheall ar éileamh ó dhaoine a bhí i bhfách le hoilteacht a fháil chun a gcuid táirgí féin a fhás. Sa bhliain 2011 fosta, tháinig ardú ar an éileamh do chúrsaí i Raidió Pobail.

• BTEI: cuireadh cúrsaí ar fáil do 777 mac léinn in 2011, méadú 56% ó 2010. De thairbhe go bhfuarthas maoiniú breise ó Thionscnamh Jabanna an Rialtais, bhíothas ábalta tuilleadh clár a ofráil, ina measc Obair don Óige, Fuinneamh In-athnuaite, Cúram Páistí, Cúram Sláinte, an tArdteistiméireacht, Oibriúcháin Innill Mhuirí, Garraíodóireacht agus Léiriú Meán. Cuireadh cláracha ar fáil in 13 ionad pobail i ngach cearn den Chontae agus bhí siad ar siúl ag amanna a bhí fóirsteanach don éileamh áitiúil. Bhí toradh luachmhar ag baint le hoideachas a tabhairt go díreach chuig an phobal agus tá an ráchairt ag méadú bliain i ndiaidh na bliana dá bharr.

## 2.1 Seirbhísí Síceolaíocha Oideachais a cuireadh ar fáil:-

### • Tacaíocht do Bhaill Foirne

Ofráladh forbairt ghairmiúil agus tacaíocht neamhfhoirmeálta go díreach d'fhoirne teagaisc sna cúig hIonad Ógtheagmhála agus i seacht gcinn de na scoileanna agus coláistí. Rinneadh iad seo a leanas a thairiscint:

- Nósanna imeachta a fhorbairt do mheasúnacht fhoirmeálta
- Soláthar traenála i ndeascáin trialacha litearthachta agus uimhearthachta
- Cur chuigí scoile uile a fhorbairt faoi choinne smacht agus bainistiú seomra ranga
- Forbairt agus athbhreithniú ar Phleananna Aonair Oideachais
- Forbairt ar straitéisí chun déileáil le daoine óga le deacrachtaí foghlama faoi leith
- Imeascú a éascú do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais
- Léirmhíniú ar phróifílí d'fheidhmiú cognaíoch agus measúnacht teanga
- Athbhreithniú ar Phleananna do Theagmhais Chriticiúla
- Athbhreithniú ar cháipéisí atreoraithe ó scoileanna/FSS go dtí ionaid Ógtheagmhála

### • Tacaíocht do Dhaltaí agus d'Fhoghlaimeoirí

Bhí nádúir éagsúla ag fadhbanna na ndaoine óga a cuireadh ar aghaidh i gcomhair measúnachta ach isféidir catagóiriú ginearálta a dhéanamh orthu faoi Riachtanais Speisialta Oideachais nó faoi Dheacrachtaí Sóisialta, Mothúcháin nó Iompraíochta Le linn na bliana, rinne seacht n-ionad daoine óga a atreorú i gcomhair idirghabhálacha síceolaíocha. I gcásanna áirithe, bhí gá le líonrú níos leitheadaí ó sheirbhísí Sláinte agus ó sheirbhísí eile ar mhaithe le tacaíocht a chur ar fáil do dhaltaí agus d'fhoghlaimeoirí. Chuathas i mbun dlúth-chomhoibriú le comhghleacaithe sa tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais. Cuireadh tacaíocht iarmheasúnachta ar fáil do chúig dhuine óg thar thréimhse ama ó chúig go hocht seachtaine. Chuimsigh na hidirghabhálacha sin straitéisí a bhí dírithe ar réiteach fadhbanna agus ar chur chuigí i ndáil le teiripe iompraíochta.

- **Tacaíocht do Thuismitheoirí**

Rinneadh obair mheasúnachta le daltaí ar mhaithe le tacaíocht fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta a thabhairt do thuismitheoirí trí chruinnithe faisnéise proifisiúnta réamh-mheasúnachta agus aiseolas iar-mheasúnachta a chur ar fáil maraon le moltaí i ndáil le riachtanais na ndaoine óga sin a tarchuireadh. Chomh maith leis sin, tionóladh cruinnithe athbhreithnithe le tuismitheoirí i rith na bliana sa dóigh go bhféadfaí dul chun cinn na ndaltaí le Riachtanais Speisialta oideachais a mheas.  Agus tionóladh cruinnithe comhoibritheacha idir lucht bainistíochta Scoile/Coláiste/Ionaid agus tuismitheoirí chun aistriúcháin iarscoile/Ógtheagmhála go fostaíocht nó staidéar breise a phleanáil do dhaoine óga le riachtananais speisialta.

## 2.1 Seirbhísí Síceolaíocha Oideachais a cuireadh ar fáil:-

Cuireann Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn i gCoiste Gairmoideachais Dhún na nGall cabhair dheontais ar fáil, tríd na Seirbhísí Corparáideacha, do mhic léinn as Dún na nGall atá ag déanamh staidéir i Scoil/Coláiste/Ollscoil i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann, i Sasain, in Albain agus sa Bhreatain Bheag.

### 2.2.1 Cuirtear maoiniú ar fáil faoi thrí Scéim, mar a leanas:-

**(i) Deontas Cothabhála Tríú Leibhéal an Choiste Gairmoideachais (CGO):** Clúdaíonn sé seo mic léinn atá ag freastal ar chúrsaí aitheanta céime onóracha in Institiúidí tríú leibhéal, Ollscoileanna san áireamh. Fosta, clúdaíonn sé mic léinn atá ag déanamh staidéir do chúrsaí céime onóracha in Institiúidí Teicneolaíochta, mic léinn ag déanamh staidéir do chúrsaí Ard-Dioplóma Náisiúnta i dTuaisceart Éireann, mic léinn atá ag dul ar aghaidh chuig cúrsaí aitheanta céime i dTuaisceart Éireann, mic léinn ag déanamh staidéir do chúrsaí aitheanta céime i dTuaisceart Éireann, mic léinn ag déanamh staidéir do chúrsaí aitheanta céime in Institiúidí Tríú Leibhéal i mBallstáit eile de chuid an Aontais Eorpaigh agus mic léinn ag déanamh cúrsaí iar-chéime in Éirinn.

**(ii) Deontas Cothabhála d'Oiliúnaithe Tríú Leibhéal  (OTL/TLT):** clúdaíonn sé seo cúrsaí i dTeastas Náisiúnta dhá bhliain agus gnáthchúrsaí Bunchéime trí bliana a déantar sna hInstitiúidí Teicneolaíochta.

**(iii) Deontas Cothabhála Tríú Leibhéal Iar-Ardteistiméireachta (IAT/PLC):** Clúdaíonn sé seo cúrsaí aitheanta Iar-Ardteistiméireachta a mhaireann ar feadh bliain amháin, ar a laghad, agus a chuirtear ar siúl in Ionaid ar fud na tíre atá aitheanta do chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta. Cuireann an Rannán Tacaíochta Mac Léinn tacaíocht agus treoir ar fáil don phobal ag Aontaí, Laethanta Gairme agus Laethanta Oscailte agus trí chainteanna a thabhairt do dhaltaí Ardteistiméireachta agus a dtuismitheoirí.

Don bhliain acadúil 2011, bhí líon iomlán na n-iarratas ar dheontais ionann le 3,138.  Déantar na hiarratais seo a rangú faoi cheannteidil éagsúla i bhFigiúr 3.5.

### Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn 2011/2012 – Staitisticí an Tuarascáil Bliantúil

| Iarratais faighte | Líon na n-iarratas |
|---|---|
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 7 | 1269 |
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 8 nó Cúrsaí níos airde | 876 |
| Maoiniú Ceadaithe – Cúrsaí Leibhéal 5 agus 6 | 159 |
| Curtha ar ceal | 409 |
| Neamhcháilithe | 261 |
| Curtha chuig Comhairle Chontae Dhún na nGall | 164 |
| Líon iomlán na iarratas a fuarthas | 3,138 |

Fuarthas 3,138 iarratas ar dheontas san iomlán agus d'éirigh le 2,304 acu sin maoiniú a fháil.
Taispeánann Figiúr ?? líon na ndeontas a bronnadh agus leibhéal an chúrsa ar ceadaíodh gach ceann faoina choinne

| Cineál Deontais | Líon na nDeontas |
|---|---|
| Cóngaracht 100% | 387 |
| Cóngaracht 75% | 11 |
| Cóngaracht 50% | 18 |
| Cóngaracht 25% | 7 |
| Ráta Speisialta Cóngarachta | 417 |
| Neamhchóngaracht 100% | 529 |
| Neamhchóngaracht 75% | 16 |
| Neamhchóngaracht 50% | 28 |
| Neamhchóngaracht 25% | 17 |
| Ráta Speisialta Neamhchóngarachta | 438 |
| Táillí Amháin | 436 |
| **Líon iomlán na ndeontas a bronnadh** | **2304** |

### 2.2.2 Grúpa Úsáideoirí na Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

I gcomhar lena chéile, tá pacáiste bogearraí do Thacaíocht Mac Léinn curtha ar fáil ag Grúpa Úsáideoirí na Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn, ina bhfuil rannpháirtíocht ag seacht gCoiste Gairmoideachais eile ar fud na tíre. Cuideoidh an pacáiste seo le héifeachtacht na seirbhíse a athbhreithniú, a uasghrádú agus a fheabhsú ar mhaithe le riachtanais a shásamh.

## Tosaíocht 2

### Scileanna cineálacha a fhorbairt laistigh d'iomlán na gclár oideachais

• Tá forbairt déanta ar chur chuige scoil uile i leith na litearthachta i roinnt coláistí, ina measc Coláiste Pobail Bhun an Phobail, Coláiste na Carraige, Coláiste Magh Éne agus Coláiste na Daoile. Chuir Coláiste Ghleann Fhinne tús leis an Chlár DEAR agus thug Coláiste Chineál Eoghain isteach Pleananna Litearthachta & Uimhearthachta ina chuid rannán ábhair. Fuair baill foirne traenáil i Litearthacht agus Uimhearthacht i ndornan áiteanna, Coláiste na Daoile san áireamh.

• Tá athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar Phleananna DEIS i gColáiste an Earagail agus cuirtear ranganna i dTeicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide (TFC) ar fáil do gach bliainghrúpa.

• Rinne Coláiste Cranncha infheistíocht in TFC chomh maith, ina n-áirítear teilgeoirí idirghníomhacha, e-portal agus tuairiscí ríomhghinte.

• Bhí daltaí i gColáiste Phobail Colmcille ar Oileán Thoraí páirteach i léiriúchán raidió a chruthaigh siad féin, a ndearna siad eagarthóireacht air agus a ndearna siad beoléiriú air.

• Thug Gairmscoil Chaitríona isteach cúrsa ECDL i gclár na hIdirbhliana.

• Ofráladh modúil i Scileanna Staidéir do dhaltaí i gColáiste Chú Uladh agus i gColáiste Magh Éne

• Chuir Coláiste na Maoile Rua tús le teagasc meascán cumais don Sraith Shóisearach.

• Chuir Coláiste Mhic Dhiarmada clár ríomhaireachta Coder DoJo ar fáil i ndiaidh am scoile i gcomhar leis an ghníomhaireacht fostaíochta agus forbartha áitiúil.

• Chuir an tIonad Traenála i dTeicneolaíocht Faisnéise scileanna bunúsacha i Matamaitic agus i mBéarla ar fáil do na Foghlaimeoirí go léir a bhí rannpháirteach sna Cláracha do Chonarthaí Traenála.

• Rinne an Treoirsheirbhís d' Fhoghlaimeoirí Fásta Dhún na nGall seachadadh ar an chlár buacach Deiseanna Nua do ghrúpaí i gcúrsaí VTOS agus BTEI. Neartaíonn an clár seo muinín agus scileanna in ullmhúchán do chuardach fostaíochta agus agallaimh a bhuíochas d'úsáid a bhaint as teicnící ceannródaíocha chun cuidiú le rannpháirtithe rudaí diúltacha a athrú go rudaí dearfacha agus tógáil ar a gcumas iad féin a chur i láthair go féinmhuiníneach.

• Sa bhliain 2011, chuir BTEI tús leis an phróiseas do bhunú painéal de Theagascóirí sainoilte a bheadh in ann an réimse leathan de chúrsaí teastasaithe a sheachadadh.

## Tosaíocht 3

### Caighdeáin Cáilíochta a chothabháil agus a fheabhsú in iomlán na gclár oideachais agus sna Scoileanna, Coláistí agus Ionaid.

- Chuir an Roinn Oideachas agus Scileanna dornán cigireachtaí i gcrích ar ábhair scoile, ina measc Cigireachtaí Teagmhasacha i Scoileanna agus Coláistí: Eolaíocht i gColáiste Magh Éne; Grafaic Dheartha & Chumarsáide i gColáiste na Carraige, i gColáiste na Daoile agus i gColáiste Cranncha; Adhmádóireacht/Obair Thógala i gColáiste na Maoile Rua; Béarla i gColáiste Ghleann Fhinne.
- Rinne Cigirí na Roinne cigireacht ar Cheannaireacht Lucht Bainistíochta agus ar Mheasúnú na Foghlama/na Scoile Uile i gColáiste Pobail Bhun an Phobail agus i gColáiste an Earagail.
- Tá tús curtha ag gach Scoil agus Coláiste ar an obair don phróiseas Féinmheastóireacht Scoile.
- Cuireadh oiliúint i nDearbhú Cáilíochta ar fáil do na baill foirne go léir san Ionad Traenála i dTeicneolaíocht Faisnéise.




**Figiúr 3.5**

**Creatlach Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (NQF)**

## 3.1 An Clár Forbraíochta Caipitiúil
**Timpeallacht den scoth a sholáthar agus atá fabhrach don teagasc agus don fhoghlaim.**

De réir chuspóirí an Phlean Oideachais, leanann an Coiste ar aghaidh le feabhsúcháin ar an timpeallacht fhisiceach don teagasc agus don fhoghlaim in iomlán scoileanna, coláistí agus ionaid atá faoina chúram a bhuíochas do Chlár Forbraíochta Caipitiúil cuimsitheach.

### 3.1.1 Coláiste Ghleann Fhinne, Srath an Urláir

**Scoil Úrnua 3,452 m2 – ar shuíomh 6.79 acra de chuid an Choiste i nDroim Bó Íochtarach**
Tháinig formhór na hoibre tógála den fhoirgneamh úr do Choláiste Ghleann Fhinne chun críche ar an Aoine, 5 Meán Fómhair 2011. D'oscail an scoil na doirse don Fhoireann agus do na Daltaí den chéaduair ar an Luan 8 Meán Fómhair 2011.

Ba é sin garsprioc shuntasach do na comhiarrachtaí a rinne na páirtithe ábhartha lena chinntiú go mbeadh buanchóiríocht nua-aimseartha lándhóthanach ar fáil do Choláiste Ghleann Fhinne a bhí go dtí sin lonnaithe ar shuíomh cúng ar an Phríomhshráid Íochtarach ón bhliain 1939 ar aghaidh.

### 3.1.2 Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn

**Scoil Úrnua 3,854m2 le háit do 350 dalta le bheith curtha ar fáil faoi mhodh oibre na Comhpháirtíochta Príobháideach Poiblí (PPP)**
Tar éis anailís a bheith déanta ar Thairiscintí a fuarthas faoi choinne scoileanna áirithe a thógáil faoi 'Beartán Scoile 3', ceapadh an Cuibhreannas BAM PPP mar an forthairgeoir ab fhearr.

I ndiaidh a gceapachán, chuir BAM PPP tús láithreach leis an phróiseas iarratais ar Chead Pleanála Iomlán/Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán/Teastas Rocthana do Dhaoine faoi Mhíchumas do gach ceann de na Scoileanna i mBeartán a 3. Táthar ag súil go gcuirfear tús le tógáil an fhoirgnimh úr do Choláiste Ailigh i ndeireadh an earraigh/ ag tús an tsamhraidh sa bhliain 2012.

### 3.1.3 Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth

**Soláthar de bhuanchóirocht breise**
I mí Eanáir 2011, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Rollú Ionchais fadtéarmach athbhreithnithe de 550 dalta don Choláiste. Mhol an tAire Oideachais agus Scileanna go rachadh an tionscadal don síneadh agus athchóiriú ar aghaidh chuig Tuarascail ar Cheapadh Treorach/Sceideal den Chóiríocht Iomlán agus ansin chuig Pleanáil Ailtireachta le linn na bliana 2011.

I mí Mheán Fómhair 2011, dhearbhaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna tairmligean na freagrachta do sheachadadh an tionscadail chuig CGO Dhún na nGall ar bhonn Cinneachta, faoi réir acu seo a leanas:-

1. Go mbeadh an chóiríocht úr críochnaithe faoi Mheán Fómhair 20142.
2. Go mbeadh an chóiríocht úr curtha ar fáil laistigh de chostas comhaontaithe don togra uile.
3. Go mbeadh Comhaontú Seirbhíse ag CGO Dhún na nGall leis an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi choinne seachadadh an tionscadail cinneachta seo.

Rinneadh an Comhaontú Seirbhíse, ina n-áirítear an Treoir Tionscadail agus Buiséid, a shíneadh go foirmeálta i mí na Nollag 2011. Lorgófar an Fhoireann Dheartha go luath sa bhliain 2012.

### 3.1.4 Coláiste na Carraige (Gairmscoil na Carraige roimh seo)

**Iarratas do Chóiríocht Breise**
Tar éis d'iarratas a bheith curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus cuairteanna ina dhiaidh sin ó Chigire Sinsearach na Roinne, cheadaigh an Roinn deontas iomlán de €100,000 i gcomhair Dearadh agus Tógáil a dhéanamh orthu seo a leanas:-

• 1x 55m$^2$ Seomra do Thacaíocht Foghlama, agus
• 2 x 10m$^2$ Oifigí Tréadchúraim

Nuair amháin a fuarthas faomhadh ar an deontas thuasluaite, d'fhostaigh CGO Dhún na nGall seirbhísí Ailtire Comhairleach ar mhaithe le Seirbhísí Maoirseachta Dearaidh & Conartha a chur ar fáil don tionscadal. Tá iarratas ar Chead Pleanála déanta don chóiríocht úr agus táthar ag súil go rachaidh an tionscadal ar aghaidh go dtí an staid Tairisceana agus Tógála le linn na bliana 2012.

### 3.1.5. Coláiste Cranncha, Bun Cranncha

**Forbairt Bheartaithe ar Champas i mBun Cranncha a chuimsíonn Coláiste Cranncha, Bun Cranncha, Gaelscoil Bhun Cranncha and Coláiste Chineál Eoghain, Bhun Cranncha.**
Tá sé a rá ag an Roinn Oideachais agus Scileanna go fóill go ndéanfar machnamh ar an dul chun cinn i ndáil leis an suíomh a fháil don Fhorbairt Bheartaithe ar Champas i gcomhthéacs Chláir Ilbhliantúil na Roinne do Thógáil agus Nuachóiriú Fhoirgnimh Scoile agus nach bhféadfaí am táscach ar bith a thabhairt don dul chun cinn ar fháil suímh. Leanfaidh an Coiste ar aghaidh i rith na bliana 2012 le comhráite leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le Comhairle Chontae Dhún na nGall ar mhaithe leis an ábhar seo a bhrú chun cinn.

### 3.1.6 Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn

**Bunú Aonad ASD**
I ndiaidh deimhniú a fháil ón Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta i mí Mhárta 2011 go gcuirfí tús le hAonad ASD Iar-bhunoideachais sa Scoil i Meán Fómhair 2011, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna deontas iomlan de €330,000 faoi choinne Dearadh & Tógáil a dhéanamh ar Aonad ASD sa Choláiste.

Nuair amháin a fuarthas faomhadh ar an deontas thuasluaite, d'fhostaigh CGO Dhún na nGall seirbhísí Ailtire Comhairleach ar mhaithe le Seirbhísí Maoirseachta Dearaidh & Conartha a chur ar fáil don tionscadal. Tá iarratas ar Chead Pleanála déanta don chóiríocht úr agus táthar ag súil go rachaidh an tionscadal ar aghaidh go dtí an staid Tairisceana agus Tógála le linn na bliana 2012.

### 3.1.7 Gairmscoil Chú Uladh, Beál an Átha Móir

**Iarratas ar Chóiríocht Breise**
I ndiaidh iarratas a chur faoina mbráid, cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna deontas iomlán de €200,000 faoi choinne Dearadh & Tógáil a dhéanamh orthu seo a leanas:-

- 2 x 49m² Seomraí Ranga Ginearálta
- 3 x 10m² Oifigí Tréadchúraim
- 1 x 22m² Oifig don Phríomhoide

Nuair amháin a fuarthas faomhadh ar an deontas thuasluaite, d'fhostaigh CGO Dhún na nGall seirbhísí Ailtire Comhairleach ar mhaithe le Seirbhísí Maoirseachta Dearaidh & Conartha a chur ar fáil don tionscadal. Tá iarratas ar Chead Pleanála déanta don chóiríocht úr agus táthar ag súil go rachaidh an tionscadal ar aghaidh go dtí an staid Tairisceana agus Tógála le linn na bliana 2012.

### 3.1.8 Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór

**Buanchóiríocht curtha in áit seomraí ranga réamhdhéanta a bhí i ndroch staid**
Cuireadh an tógáil ar chóiríocht úr buan i gcríoch i samhradh na bliana 2011. Cuireann an fhoirgneamh úrnua leis an fhoirgneamh a bhí ar an suíomh go dtí sin agus cuidíonn sé go mór le háiseanna oideachasúla na scoile.

### 3.1.9 Coláiste Pobail Bhun an Phobail

**Céim II de Chóiríocht Buan – Achar na Cóiríochta 2,775 m²**
Tá fuilleach na hoibre, sé sin 2,775m2 den 5,009m2 a ceadaíodh do bhuanchóiríocht sa bhliain 2001 go fóill ina ábhar leanúnach comhfhreagrais agus caibidil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Cuireadh Foirm leasaithe SLE (Iarratas ar Mhaoiniú Caipitil i gcomhair Mór-oibreacha Caipitiúla do Scoileanna Dara Leibhéal) faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna i mí Mhéan Fómhair 2010.

Tar éis don Roinn an t-iarratas thuasluaite a bheith faigthe acu, d'ardaigh an Roinn an Banda-Rátáil don tionscadal ó 2.5 go 2.2 i mí Dheireadh Fómhair 2011, de réir a Chritéir Leasaithe i ndáil le Tosaíocht do Thionscadail ar Mhór-scála (Bunscoile agus Iar-bhunscoile).

Tá an Coiste tiomanta don idirchaidreamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna ar mhaithe lena chinntiú go gcuirfear an chuid eile den Chóiríocht Buan ar fáil ar an suíomh go luath.

## 3.2 Scéim na nOibreacha Samhraidh 2011

Chuir CGO Dhún na nGall 7 iarratas chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin Scéim thuasluaite. In dhá Phreas Ráiteas faoi leith, i mí Mhárta agus i mí Aibreáin 2011, d'fhógair an Roinn Oideachas agus Scileanna sonraí na dtograí a ceadaíodh faoi Scéim na nOibreacha Samhraidh.

Tá sonraí na dtograí a ceadaíodh do Scoileanna faoi choimirce CGO Dhún na nGall liostaithe thíos:-

| | Scoil | Togra | Buiséad Ceadaithe € Táillí & CBL san áireamh |
|---|---|---|---|
| 1. | Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth | Oibreacha Dín | 28,488.00 |
| 2. | Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn | Oibreacha Leictreachais | 46,192.00 |
| 3. | Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga | Oibreacha Leictreachais | 166,438.00 |

## 3.3 Deontas d'Oibreacha Éigeandála – Tograí Ceadaithe in 2011

Cheadaigh an Roinn Oideachas agus Scileanna na hiarratais seo a leanas faoin Deontas d'Oibreacha Éigeandála le linn na bliana 2011:-

| | Scoil | Togra | Buiséad Ceadaithe € Táillí & CBL san áireamh |
|---|---|---|---|
| 1. | Ionad Oideachais & Oiliúna d'Aosaigh, Bun Cranncha | Plástráil Sheachtrach | 33,230.00 |
| 2. | Coláiste na Carraige | Oibreacha Gléghlanta Uisce | 15,202.00 |
| 3. | Gairmscoil Chaitríona | Oibreacha sa Seomra Eacnamaíochta Baile | 20,040.00 |

### 3.4 Fuinneamh Níos Fearr sna hIonaid Oibre (SEAI)

Mar pháirt d'iarratas foriomlán chuig Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), atá faoi cheannródaíocht CGO Chill Dara agus an tAonad um Bhunathrú ar Sheirbhísí Poiblí, Cumann Gairmoideachais na hÉireann, d'éirigh le dhá scoil de chuid CGO Dhún na nGall, i.e. Gairmscoil na Mainistreach agus Coláiste an Earagail, Leitir Ceanainn, maoiniú a fháil le dhul i mbun oibre faoin chlár thuasluaite.

Bhí 26 Scoil agus Ionad ó dheich gCoiste Gairmoideachais agus dhá Scoil Náisiúnta ainmnithe san iarratas foriomlán chuig SEAI. Bhí na hoibreacha seo a leanas le déanamh sa dá scoil:-

1. Coláiste an Earagail – Uasghrádú ar na Feistithe Solais atá ann go dtí soilsiú malartach níos éifeachtaí agus tíosach ar fhuineamh;
2. Gairmscoil na Mainistreach, Baile Dhún na nGall - Uasghrádú ar na Feistithe Solais atá ann go dtí soilsiú malartach níos éifeachtaí agus tíosach ar fhuineamh maraon le hinsliú sna cuasbhallaí seachtracha.

Lena chois sin, agus mar chuid de na hoibreacha thuas, cuireadh comhbhall TFC nuálach do bhainistiú cumhachta isteach sa dá scoil.

Mar gheall ar nádúr nuálach an togra, cheadaigh agus chuir SEAI 80% den mhaoiniú iomlán ar fáil. Tháinig an 20% eile amach as foinsí maoiniúcháin an CGO. Bhí na tograí sin dírithe ar uasmhéadú a dhéanamh ar shábháil fuinnimh.

## TOSAÍOCHT 4

### Caidreamh dearfach a chur chun cinn a bhuí don cur chuige i leith 'cleachtais athshlánaíocha' a úsáid

**Focás ar Chleachtas Athshlánaíoch**
Sa bhliain 2011, fuair CGO Dhún na nGall maoiniú de €100,000 ó chlár Peace III ar mhaithe le togra dhá bhliain a reáchtáil chun cleachtas athshlánaíoch a chur i réim i scoileanna iar-bhunoideachais, ionaid Ógtheagmhála agus eagraíochtaí um obair óige ar fud an Chontae. Bhí Contae Dhún na nGall rannpháirteach ina leithéid de chleachtas le mórán blianta agus anois tá deis ar dóigh curtha ar fáil ag Peace III don Chontae d'fhonn Dún na nGall a bheith aitheanta mar Chontae Athshlánaíoch do dhaoine óga agus an cleachtas seo a dhaingniú.

Tá trí eilimint i gceist sa tionscadal:-

**1. Traenáil**

I mí na Samhna 2011, d'fhreastal céad ball foirne ó na heagraíochtaí rannpháirteacha ar chúrsa traenála a d'eagraigh an Fhoireann do Chleachtas Athshlánaíoch, Ollscoil Uladh, chun cur ar a gcumas úsáid níos fearr a bhaint as Cleachtas Athshlánaíoch ina gcuid oibre.

**2. Taighde**

Tá an taighde, atá a dhéanamh fosta ag an Fhoireann do Chleachtas Athshlánaíoch, Ollscoil Uladh, (An Dr Derick Wilson, Tim Chapman agus Hugh Campbell) i bhfách lena dheimhniú cá háit a bhfuil Ionaid Ógtheagmhála, Scoileanna agus Seirbhísí Óige i dtaca le húsáid Cleachtas Athshlánaíoch mar mhodh réitigh aighnis agus athbhunaithe caidrimh, agus modh measúnachta a fhorbairt faoi choinne daingniú a dhéanamh ar Chleachtas Athshlánaíoch sna hionaid/eagraíochtaí sin le linn tréimshe an tionscadail. Bhí siad seo a leanas i measc na n-ábhar a clúdaíodh sa taighde: leibhéil eisiaimh, freastail agus neamhláithreachta, eachtraí bulaíochta, ciníochas, drochiompraíocht, úsáid drugaí, íde béil/fisiceach. Sa bhliain 2012, beidh ar a gcumas maoiniú measartha a fháil chun é a úsáid mar a mheasann siad a bheith riachtanach d'fhonn an cleachtas a dhaingniú ina gcuid áiteanna go léir i measc na bhfoirne agus na ndaoine óga.

**3. Gníomhaíocht Eagraíochta**

Tá gach ceann de na cúig Ionad Ógtheagmhála, ina éineacht le ceithre scoil dhéag iar-bhunoideachais (ina measc scoileanna an CGO: Coláiste Cranncha; Coláiste an Earagail; Coláiste Ghleann Fhinne; Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga; Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin; Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór; Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir, agus Coláiste na Maoile Rua), maraon le Seirbhís Óige Dhún na nGall agus Foróige rannpháirteach sa tionscadal ar mhaithe le cleachtas athshlanaíoch a dhaingniú ina gcuid ionaid sa dá bhliain amach romhainn. Tiocfaidh deireadh leis an tionscadal le comhdháil clabhsúir, ag a roinnfear na ceachtanna foghlama ón tionscadal, i mí na Bealtaine 2013.

* (Tá tacaíocht a fháil ag an tionscadal seo ó Chlár PEACE III atá a bhainistiú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall thar ceann Comhlacht na gClár Speisialta an AE)

- Chuathas i mbun traenála i gCeartas Athshlánaíoch i roinnt Scoileanna agus Coláistí, ina measc Coláiste an Earagail, Coláiste Cranncha, Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Coláiste Ghleann Fhinne, Coláiste na Carraige agus Coláiste Magh Éne.
- Rinneadh athstruchtúrú ar an Fhoireann Tréadchúraim i gColáiste Ghleann Fhinne agus cuireadh múnla d'Fhoireann Tréadchúraim Athmheasa i bhfeidhm.
- Tá Gairmscoil Chaitríona, Coláiste na Maoile Rua, Gairmscoil Chú Uladh, Coláiste an Earagail, Coláiste Cranncha agus Coláiste Magh Éne rannpháirteach i gClár Peace III trína bhfaigheann baill foirne traenáil agus déantar cur chuige scoil uile a dhaingniú sa scoil. Tá na páirtithe oideachais go léir bainteach leis seo.
- Bhí Coláiste na Daoile rannpháirteach sa 'Berlin Wall Project' i gcomhar le Comhairle Dúiche an tSratha Báin
- Tá ag éirí go maith leis an Chlár 'Deirfiúr Mhór-Deartháir Mór' atá i bhfeidhm do dhaltaí i gColáiste Chú Uladh agus i gColáiste Magh Éne
- Tá tús curtha ag Coláiste na Maoile Rua le rang clárúcháin 10 mbomaite



## TOSAÍOCHT 5

### Cur chun cinn réamhghníomhach a dhéanamh ar rogha an chreidiúnaithe mar pháirt de na cláracha a chuireann CGO Dhún na nGall ar fáil

- Cuireadh tús le clár creidiúnaithe ó Oxford, Cambridge & RSA (OCR) don Idirbhliain i gColáiste Magh Éne.
- D'ofráil Coláiste Pobail Bhun an Phobail cúrsa i nGarchabhair do dhaltaí na hIdirbhliana agus ofráladh dámhachtain FETAC do dhaltaí ag staidéar Modúl i nDeachracht Mheasartha Foghlama (GLD).
- Chuir Cúntóirí Riachtanais Speisialta clár i nGarchabhair i gcrích i ndornán de na Soileanna agus Coláistí, ina measc Coláistí na Maoile Rua, Ghleann Fhinne agus Magh Éne.
- Bronnadh bailíochtú sheachtrach ar dhaltaí i nGairmscoil Chú Uladh as ucht cúrsaí a chuir siad i gcrích iontu seo a leanas: Garchabhair, Teanga Chomharthaíochta, Tiomáint Shábháilte agus Cúrsaí Bia. Bronnadh bailíochtú ar Ghairmscoil Chaitríona ar son cúrsaí i dTeanga Chomharthaíochta agus Garchabhair.
- Bronnadh dámhachtainí ar chuid de na Scoileanna agus Coláistí de bhrí gur chríochnaigh a gcuid daltaí an comórtas Gaisce, Dámhachtain an Uachtaráin, ina measc Gairmscoil Chú Uladh, Coláiste Magh Éne, Coláiste an Earagail agus Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga.
- Bhronn Fáilte Éireann dámhachtainí ar dhaltaí Choláiste Phobail Colmcille agus fuair siad aitheantas chomh maith as ucht Cúrsa Sláinte & Sábháilteachta a chríochnú ar-líne.
- Cuireadh na Cláracha Trasteorann, KEY & LET, i gcrích go rathúil agus fuair na Daltaí aitheantas ar son a gcuid oibre sna scoileanna seo a leanas: Gairmscoil Chaitríona, Coláiste Ghleann Fhinne, Coláiste Magh Éne agus Coláiste Pobail Bhun an Phobail.
- Chuaigh beirt dhalta ó Choláiste Chineál Eoghain i gceann an Chláir do Shaibhriú Matamaitice in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, agus bhronn Cumann Ríomhaireachta na hÉireann an 3ú háit in Éirinn ar fhoireann FI Choláiste Chineál Eoghain.

## TOSAÍOCHT 6

### Comhdhlúthú a dhéanamh ar an soláthar de sheirbhísí treoireachta a chuirtear ar fáil do dhaltaí.

- Tá an Clár Treorach don Scoil Uile a athbhreithniú agus a fhorbairt ar bhonn leanúnach i ngach Scoil agus Coláiste de chuid an CGO. Ceadaíonn na Boird Bainistíochta na Pleananna do Threoir agus do Mheasúnachtaí ar bhonn rialta.
- Cuireann Treoirsheirbhís Dhún na nGall d'Fhoghlaimeoirí Fásta treoir chuimsitheach leanúnach agus treoir réamhfhágála ar fáil d'fhoghlaimeoirí a dhéanann freastal ar chláracha oideachais aosaigh de chuid an CGO chomh maith le treoir réamhiontrála dóibh siúd atá ag smaoineamh ar chláracha oideachais agus oiliúna a chuireann soláthraithe seachtracha ar fáil.

## TOSAÍOCHT 7

**Spiorad na cruthaitheachta agus na fiontraíochta a ghríosadh i ngach Scoil, Coláiste agus Ionad.**

- Siocair go bhfuil an Idirbhliain agus Gairmchláir na hArdteistiméireachta ar churaclam gach Scoil agus Coláiste, faigheann Daltaí deis Socrúcháin i dTaithí Oibre a chur i gcrích go rathúil i gcomhar le fostóirí áitiúla.
- Glacann cuid mhór de na scoileanna páirt i gClár Bhord Fiontar an Chontae, comórtas ina mbíonn orthu a mionchomhlacht féin a bhunú agus a reáchtáil. Bhí siad seo a leanas rannpháirteach go dtí seo: Coláiste Ailigh, Gairmscoil Chaitríona, Coláiste Chineál Eoghain, Gairmscoil na Mainistreach, Coláiste an Earagail agus Coláiste Magh Éne
- Tig le Coláiste an Earagail a bheith bródúil fosta as traidisiún sármhaitheasa ar an tséala gur éirigh leis na daltaí an 3ú áit a bhaint amach i gcomórtas BizSim
- Thug Coláiste na Daoile cuairt ar Uachtarlanna Dhún na nGall agus lena chois sin bhí siad páirteach i Modúl Scáthfhoghlama agus i gClár Baincéireachta/Coigilte na hÉireann don Ghnóthachan Sóisearach.
- Chomhoibrigh Gairmscoil Chú Uladh, Coláiste na Carraige agus Coláiste Magh Éne lena gcraobh áitiúil de Bhanc Aontas Éireann sa Tionscnamh 'Bunaigh Banc'.
- Bhí Daltaí Ealaíne ó Choláiste Cranncha rannpháirteach sna tograí 'Creative Engagement' agus 'Rivers of the World' i gcomhar le Comhairle na Breataine i Londain. Chaith triúr múinteoir ó Choláiste Preciuos in Uganda trí seachtaine sa Choláiste.
- D'éirigh go han-mhaith fosta le daltaí ó Choláiste Pobail Bhun an Phobail sa Chlár 'Teagmháil Chruthaitheach', maraon le 'Dramhfhaisean', a d'eagraigh NAPD.
- Bhí daltaí ó Ghairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga, rannpháirteach i dTionscadal na Nuálaithe Sóisialta Óga agus sa chlár d'Eolaithe Óga.
- Ghlac mórán Scoileanna agus Coláistí páirt i dTaispeántas na nEolaithe Óga agus d'éirigh le daltaí ó Ghairmscoil Chaitríona, Coláiste Magh Éne, Coláiste Ailigh agus Gairmscoil Chú Uladh a gcuid tionscadal a chur ar taispeántas.
- Cuireadh modúil úrnua, macasamhail Insliú Teirmeach, Leibhéal 5, ar fáil san Ionad Traenála i dTeicneolaíocht Fáisnéise d'Fhoghlaimeoirí chun freastal ar éileamh na dtionscal áitiúil.
- Chuir an Chomhpháirtíocht d'Oideachas Ceoil teagasc uirlise agus gutha ar fáil i ndeich Scoil, Coláiste agus Ionad ar fud an Chontae

## TOSAÍOCHT 8

### Struchtúir agus Córais na hEagraíochta a chuíchóiriú chun go mbeidh sí in inmhe a cuid feidhmeanna feabhsaithe úra a chur i gcrích

- Tá córas e-Portal tugtha isteach ag dornán Scoileanna agus Coláistí sa dóigh go mbeidh ar chumas na scoile faisnéis a bhaineann le daltaí a bhainistiú níos fearr. Tá athshannadh déanta ar roinnt dualgas príomha i Scoileanna agus i gColáistí ar mhaithe le hathruithe éagsúla a chur san áireamh. Le linn 2011, chuir tuilleadh Scoileanna agus Coláistí isteach ar an chóras d'**Éileamh Ar Líne do Mhúinteoirí Páirtaimseartha.**

## TOSAÍOCHT 9

### Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais reachtúla/rialachais atá mar bhonn agus thaca le Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall agus a chinntiú go gcuirfear iarmhairtí an phróisis sin i bhfeidhm

- Tá CGO Dhún na nGall faoi rialú oibleagáidí reachtúla ábhartha agus trí chruinnithe an Choiste agus cruinnithe na bFochoistí gaolmhara (Boird Bainistíochta, Airgeadais agus Iniúchóireachta, Bord Oideachais Aosaigh agus Fochoiste an Óige). Cuireann an eagraíocht i bhfeidhm iomlán na ngníomhaíochtaí riachtanacha chun a chinntiú go gcloítear leis na hoibleagáidí reachtúla agus rialachais atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais & Scileanna.

- Rinneadh na hiniúchtaí seo a leanas le linn na bliana 2011: rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar na Cuntais do 2010; Iniúchádh Inmheánach (Ginearálta) Aonad Sheirbhísí Tacaíochta Gairme (VSSU); Ceardlanna Traenála (2) ar Aistriú Cuntais Baince Scoilbhunaithe chuig an CGO; Cigireacht Peace III-Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Comhlachtaí Clár Speisialta an AE.

- Sa bhliain 2011, bhí tábhacht ar leith ag baint le haistriú Cuntais Bainc Scoilbhunaithe chuig an CGO.

- Tionóladh cruinniú den Fhochoiste Achomhairc ar Alt 29 le linn 2011. Déanann an Fochoiste seo próiseáil ar achomhairc i ndáil le Díbirt, Diúltú Cead Clárúcháin agus Fionraíocht ó scoil nó coláiste faoin Acht Oideachais, 1998.

- Tháinig an Fochoiste um Shláinte & Sábháilteacht le chéile go rialta i rith 2011 ar mhaithe le Polasaí Sláinte & Sábháilteachta CGO Dhún na nGall a phlé mar chuid den rialachas corparáideach. Táthar ag ullmhú tuairisce lena chur faoi bhráid an Choiste.

## 9.0 Rialacas Corparáideach – Tuarascáil Airgeadaish

## 9.1 Forbhreathnú

### 9.1.1 Straitéis Airgeadais

Tá sé mar aidhm ag Feidhm an Airgeadais tacú leis an Choiste i mbaint amach, laistigh den Bhuiséad, na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean Seirbhíse. Le Tacaíocht Airgeadais áirítear tacaíocht chinnteoireachta, rialú corparáideach ar airgead poiblí, próiseáil idirbheartaíochtaí agus freagracht reachtúil.

### 9.1.2 Freagracht Reachtúil

Tá coinníollacha dochta freagrachta i bhfeidhm do Choistí Gairmoideachais. I measc na riachtanas seo, tá ullmhúchán na gCuntas Bliantúil i bhformaid atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Iniúchadh na gCuntas sin ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tá Córais Rialaithe Airgeadais, bunaithe ar Pholasaithe agus Nósanna Imeachta mionsonraithe, i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na coinníollacha seo agus lena chinntiú go mbainfear amach aidhmeanna go héifeachtach.

### 9.1.3 Nótaí Tráchta ar Fheidhmíocht

Rinne an Rannóg Airgeadais bainistiú agus riarachán ar 90 Buiséad Clár de chaiteachas atarlaithe de €54.15 milliún agus an méid céanna de Thograí Caipitiúla, i gcomhar le Rannóg na Seirbhísí Tógála agus Bainistíochta Eastát, caiteachas de €5.41 milliún, agus ionann le caiteachas iomlán de €598.56 milliún. Chuir an patrún leanúnach boilscithe dúshláin mhóra os comhair lucht na mBuiséad maidir le seachadadh a gcuid seirbhísí.

Tá Coiste Gairmoideachais Dhún na nGall ar cheann de na fostóirí is mó sa Chontae, le 1,417 fostaí.

Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de €5.439 milliún i bhfabhar 880 mac léinn a d'fhreastail ar Choláistí Tríú Leibhéil aitheanta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe, ar a n-áirítear 161 mac léinn a d'fhreastail ar Chúrsaí iar-Ardteistiméireachta i Scoileanna Dara Leibhéil ar fud an Chontae.

Rinneadh próiseáil ar shuim iomlán de €32.6 milliún i bhfabhar Oiliúnaithe a bhí rannpháirteach sna Cláracha éagsúla faoi Sheirbhísí Breisoideachais agus Oideachas Aosach, macasamhail an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), Ógtheagmháil/Youthreach agus Ionad Oiliúna Taistealaithe Seanórtha, maraon le réimse leathan cúrsaí curtha ar fáil ar bhonn conartha thar ceann FÁS.


## 9.2 Faisnéis Airgeadais

Tá Iniúchadh na gCuntas do 201l curtha i gcrích agus tá deimhniú foirmeálta faighte ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá Achoimre na nÍocaíochtaí don bhliain 2011 leagtha amach sa Tábla thíos:

| Clár | CAITEACHAS 2011 | |
|---|---|---|
| | **€000** | **%** |
| **Ginearálta agus Iar-bhunoideachais** (Costais reáchtála 15 Scoil & Coláistí Dara Leibhéal, Ranganna Oíche in Oideachas Aosach agus Oifigí an CGO) | 36,026 | (60.5%) |
| Seirbhísí Breisoideachais & Oideachas Aosach (VTOS, Ógtheagmháil, STTC, Litearthacht d'Aosaigh, Oideachas Pobail, Treoirsheirbhís d'Aosaigh, Cúram Páistí, LMESP &rl.) | 9,665 | (16.2%) |
| Seirbhísí d'Obair Óige | 573 | (1%) |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn (Scoláireachtaí CGO/Deontais PLC) | 5,439 | (9.1%) |
| Tionscadail Féinmhaoinithe | 2,445 | (4.1%) |
| Tionscadail Chaipitiúla | 5,408 | (9.1%) |
| **Iomlán** | **59,556** | **100%** |


## Achoimriú ar Íocaíochtaí do 2011




**Léiríonn tuilleadh anailíse ar na hÍocaíochtaí do 2011 iad seo a leanas:**


| | | |
|---|---|---|
| Pá | €39.59 milliún | (66.5%) |
| Neamhphá | €5.95 milliún | (10%) |
| Liúntais Oiliúnaithe | €2.6 milliún | (4.3%) |
| Deontais Tríú Leibhéal/PLC | €5.44 milliún | (9.1%) |
| Seirbhísí d'Obair Óige | €0.57 milliún | (1%) |
| Tionscadail Chaipitiúla | €5.41 milliún | (9.1%) |
| **Total** | **€59.56million** | **(100%)** |

## Tuilleadh Anailíse ar Íocaíochtaí 2011



## Miondealú Pá 2011

| | |
|---|---|
| Riarachán | 7.08% |
| Teagasc | 89.27% |
| Cothabháil | 3.65% |




## 9.3 Rialachas Corparáideach

Tá glactha ag an CGO le Cód Dea-Chleachtais Rialachais. Tá an Cód atá glactha leis ag teacht leis an Chód atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gCiorclán F11/05. Tá sé mar chuspóir ag an Cód a chinntiú go gcuireann an Coiste Gairmoideachais i bhfeidhm na Prionsabail do Dhea-Chleachtas Rialachais agus Bainistíochta.

Ó thaobh an Airgeadais de, tá cuidiú ar fáil don phróiseas seo siocair gur ceapadh Coiste Iniúchóireachta agus Fochoiste Airgeadais agus go bhfuil Córas éifeachtach do Rialú Inmheánach Airgeadais i bhfeidhm.

## 9.4 An Coiste Iniúchóireachta

Tá seachtar Ball Neamfheidhmiúcháin de Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall ar an Choiste Iniúchóireachta, iad go léir neamhspleách ón Bhainistíocht agus faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Jimmy Kavanagh, a toghadh chuig an phost seo ar feadh tréimhse an Choiste reatha. Tá sé de dhualgas ar an Choiste Iniúchóireachta monatóireacht a dhéanamh ar an Fheidhmeannas i gcur i gcrích a gcuid feidhmeanna agus i gcur dearbhú ar fáil don Choiste maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na bpróiseas do Rialú Inmhéanach. Fuair siad tuarascálacha ón Bhainistíocht, ón Iniúchóireacht Sheachtrach, curtha ar fáil ag an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus ón Iniúchóireacht Inmheánach, curtha ar fáil ag Aonad na Seirbhísí Gairmthacaíochta (VSSU) ar a n-áirítear athbhreithniú ar na polasaithe agus na gnáthaimh a rialaíonn feidhm an Airgeadais agus feidhmeanna eile. Faigheann an Coiste cóipeanna de Mhiontuairiscí Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus cuirtear iad seo san áireamh i nglacadh le Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais agus ceadú na ngCuntas Bliantúil.

## 9.5 Fochoiste Airgeadais

Tá ochtar comhalta ar an Fhochoiste Airgeadais, ina measc an Príomhfheidhmeannach i ról Ex-Officio. Tá an fochoiste freagrach as athbhreithniú ar Ioncam/Chaiteachas an Choiste Gairmoideachais, mórChonarthaí a bhronann an CGO, agus gnéithe airgeadais a bhaineann leis na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse faoi seach. Cuirtear miontuairiscí an Fhochoiste Airgeadais faoi bhráid an Choiste lena machnamh a dhéanamh orthu agus cuidiú leo a dheimhniú go bhfuil na Pleananna Oideachais agus Seirbhíse á mbaint amach.

## 9.10 Aoisiúntas agus Sochair Scoir

Tugann Tábla 3.2 tuairisc faoi shonraí eagrúcháin na Rannóige Pinsin don bhliain 2011:

Ainm na Scéime: **An Scéim Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas)(Comhdhlúthú), 1998.**

| Mír | Sonraí |
|---|---|
| Líon na nDaoine a scoir sa bhliain 2011 | 16 Duine ar Scor agus<br>Duine amháin in Aisce Bháis |
| Líon Iomlán na nDaoine ar Scor | 188 (iad sin thuas san áireamh) |
| Líon na bhfiosrúchán úrnua sa bhliain reatha | 179 |
| Líon na bhfiosrúchán próiseáilte | 191 |
| Líon na bhfiosrúchán ar siúl suas go dtí 31/12/2011 | 366 |
| Ciorcláin agus Comhaontuithe Comhchoiteann a raibh tionchar acu ar an Scéim Pinsin (Pen) in 2011. | Forfheidhmiú ar Scéim Pinsin Chomhlánaithe Athbhreithnithe<br><br>CL 2011/01 and CL 0010/2011 |

vec

## Tosaíocht10

### An sainoilteacht agus na hinniúlachtaí faoi leith atá ag baill foirne a aithint agus iad a mheaitseáil le heochairscileanna eagrúcháin


- Tá athbhreithniú déanta ag roinnt Scoileanna agus Coláistí ar Phostanna Freagrachta atá i bhfeidhm ina gcuid ionad féin maidir le hoiriúnacht na mball foirne i gcur i gcrích na ndualgas sin. Iarradh ar bhaill foirne, a dhéanann seachadadh ar Chlár VTOS agus a bhfuil sainoilteacht acu i réimsí éagsúla, iarradh orthu ceannasaíocht a ghlacadh ar thionscnaimh faoi leith.

## Tosaíocht 11

### Réimse deiseanna foghlama a sholáthar do bhaill foirne ar mhaithe le tacú leis na foirne agus acmhainneacht eagrúcháin a chruthú d'fhonn cáilíocht an tsoláthair oideachasúla a fheabhsú.

- Tá achoimriú déanta sa ghraf thíos ar na cineálacha ginearálta tacaíochta a tugadh do bhaill foirne i rith na bliana 2011.
- Is iad seo a leanas samplaí i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL/CPD) sa Teagasc agus san Fhoghlaim:

| | |
|---|---|
| Oiliúint don Oiliúnóir FETAC Leibhéal 6(VTOS) | Cúrsaí In-seirbhíse faoi Shainordú Náisiúnta |
| Cosaint Páistí (Comhpháirtíocht Ceoil) | Soláthar ASD |
| Ceannaireacht Theagascach | Meabhairshláinte & Strus |
| Oiliúint FETAC Leibhéal 3 | Measúnacht FETAC |
| Inspreagadh do Mhic Léinn | Frithbhulaíocht |
| Traenáil in LCA | Comhiomlánú ar Litearthacht |
| Ríomh-fhoghlaim | A.S.I.S.T. |
| Ag Bainistiú Seomra Ranga | Garchabhair Oibre |
| Feasacht ar Chomhionannas | Oiliúint in NLP (Foghlaim don Bheatha) |
| Traenáil i Sláinte & Sábháilteacht | Scileanna Stiúrtha (Comhpháirtíocht Ceoil) |
| Oiliúint in NFET (Fiontraíocht) | Oiliúint i Sláinte Ghnéis |
| Oiliúint do 'Girls Active' (FSS) | Cleachtais Athshlánaíocha |
| Traenáil do Bhord Roghnúcháin | Traenáil i mBíog Díola |
| Úsáid Substaintí | Traenáil do Chomhairle Mac Léinn/Foghlaimeoirí |




Lena chois sin, d'éirigh le baill foirne cáilíochtaí a bhaint amach i ndornán réimsí, ina measc:



## Tosaíocht 12

### A bheith mar eagraíocht inniúil chomhionannais

- Cuireadh Meitheal Oibre ar bun chun forbairt a dhéanamh ar Straitéis Chomhionannais do CGO Dhún na nGall agus nuair a bheidh an dréacht-Pholasaí Comhchéime curtha i gcrích, cuirfear é faoi bhráid an choiste in 2012 lena dhaingniú.
- Cuirtear foirne Ógtheagmhála ar an eolas fá shaincheisteanna comhionannais, ina n-áirítear frithchiníochas agus seicteachas.
- Tá Polasaí Iontrála oscailte trédhearcach ag gach scoil agus coláiste atá faoi choimirce CGO Dhún na nGall. Tá an fáil ceannann céanna ar gach ábhar ag gach uile dhalta a fhreastalaíonn ar Scoileanna agus Coláistí CGO Dhún na nGall. Lena chois sin, tugann mórán de Scoileanna agus Coláistí an CGO deis do dhaltaí na chéad bhliana gach uile ábhar úrnua a 'bhlaiseadh' ar feadh seal sula ndéanann siad suas a n-intinn faoi na hábhair don Teastas Sóisearach. Cuireann Scoileanna agus Coláistí cuimsitheacht chun cinn agus ofrálann siad rochtain oscailte do na hábhair go léir sna Polasaithe Iontrála.

## Tosaíocht 13

### Straiteisí a chur i bhfeidhm chun na gnéithe diúltacha d'aighneas a theorannú

• Tá cuid mhór oibre a dhéanamh ar bhonn leanúnach i Scoileanna, Coláistí agus Ionaid i dtaca le haghaidh a thabhairt ar aighneas. Tá cur chuige do Cheartas Athshlánaíoch tugtha isteach ag CGO Dhún na nGall. Tá traenáil curtha ar fáil mar go bhfuiltear ag súil go ndaingneofar an cleachtas seo go hiomlán ar fud na heagraíochta.

### Fócas ar Chleachtas Athshlánaíoch

- Sa bhliain 2011, fuair CGO Dhún na nGall maoiniú de €100,000 ó chlár Peace III ar mhaithe le togra dhá bhliain a reáchtáil chun cleachtas athshlánaíoch a chur i réim i scoileanna iar-bhunoideachais, ionaid Ógtheagmhála agus eagraíochtaí um obair óige ar fud an Chontae. Bhí Contae Dhún na nGall rannpháirteach ina leithéid de chleachtas le mórán blianta agus anois tá deis ar dóigh curtha ar fáil ag Peace III don Chontae d'fhonn Dún na nGall a bheith aitheanta mar Chontae Athshlánaíoch do dhaoine óga agus an cleachtas seo a dhaingniú.
- Tá trí eilimint i gceist sa togra— traenáil, taighde agus gníomhaíocht eagraíochta. Tá na cúig ionad Ógtheagmhála, maraon le ceithre scoil dhéag iar-bhunoideachas (ina n-áirítear ochtar de chuid an CGO: Coláiste Cranncha; Coláiste an Earagail; Coláiste Ghleann Fhinne; Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga; Coláiste Magh Éne, Bun Dobhráin; Gairmscoil Mhic Diarmada, Árainn Mhór; Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir, agus Coláiste na Maoile Rua), rannpháirteach sa togra in éineacht le Seirbhís Óige Dhún na nGall agus Foróige ar mhaithe le cleachtas athshlánaíoch a neadú ina gcuid ionad sa dá bhliain amach romhainn.
- I mí na Samhna 2011, d'fhreastail céad ball foirne ó na heagraíochtaí rannpháirteacha ar chúrsa traenála a d'eagraigh an Fhoireann do Chleachtas Athshlánaíoch, Ollscoil Uladh, chun cur ar a gcumas úsáid níos fearr a bhaint as Cleachtas Athshlánaíoch ina gcuid oibre. Tá an taighde, atá a dhéanamh fosta ag an Fhoireann do Chleachtas Athshlánaíoch, Ollscoil Uladh, i bhfách lena dheimhniú cá háit a bhfuil Scoileanna, Coláistí agus Ionaid, maraon le seirbhísí don aos óg, i dtaca le húsáid Cleachtas Athshlánaíoch mar mhodh réitigh aighnis agus athbhunaithe caidrimh, agus modh measúnachta a fhorbairt don dul chun cinn le linn tréimshe an tionscadail.
- Bhí siad seo a leanas i measc na n-ábhar a clúdaíodh sa taighde: leibhéil eisiaimh, freastail agus neamhláithreachta, eachtraí bulaíochta, ciníochas, drochiompraíocht, úsáid drugaí, íde béil/fisiceach. Sa bhliain 2012, beidh ar a gcumas maoiniú measartha a fháil chun é a úsáid mar a mheasann siad a bheith riachtanach d'fhonn an cleachtas a dhaingniú ina gcuid áiteanna go léir i measc na bhfoirne agus na ndaoine óga. Cuirfear críoch leis an tionscadal ag comhdháil clabhsúir, ag a ndéanfar an fhoghlaim ón tionscadail a roinnt, i mí na Bealtaine 2013.

## Tosaíocht 14

### Soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn go gníomhach

- Mar a oireann do Choiste Gairmoideachais atá ag freastal ar cheantar mór Gaeltachta, lean an Coiste ar aghaidh ag feabhsú a inniúlachta sa Ghaeilge i rith 2011.

- Cuireann aon trian de Scoileanna agus Coláistí dara leibhéal agus de na hIonaid atá faoi choimirce CGO Dhún na nGall seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá seirbhísí dátheangach ar fáil sna háiteanna eile agus sa tSeirbhís d'Oideachas Aosach ar fad. Cuireadh réimse clár, cúrsaí agus imeachtaí trí Ghaeilge ar fáil in Ionad Eachtraíochta Ghartan i rith 2011.

- Cuirtear an Ghaeilge chun cinn mar mhodh cumarsáide leis an phobal agus mar mhodh chun eolas a thabhairt don phobal.

- Crochadh comharthaí níos fearr ag Oifigí Riaracháin an Choiste i Leitir Ceanainn, laistigh agus lasmuigh araon, le cur in iúl go raibh seirbhísí dátheangacha ar fáil.

- Tá foilseacháin an Choiste, cibé ar-líne nó i bprionta, i nGaeilge agus i mBéarla, leithéidí Foirmeacha Iarratais, Tuarascálacha Bliantúla, Plean Oideachais, agus Réamheolaire agus Bróisiúir na gClár agus na gCúrsaí.

- Maidir leis na chéad phointí teagmhála leis an phobal, cuireann na baill foirne atá i bhfeighil na seirbhísí fáilte agus laschláir i ngach Scoil, Coláiste agus Ionad agus sna hOifigí Riaracháin, beannachtaí agus seirbhísí bunúsacha teileafóin ar fáil trí Ghaeilge.

- Tá suíomh gréasáin corparáideach an Choiste go hiomlán dátheangach.

- Tá CGO Dhún na nGall lán dáiríre i bhfabhar forbairt phearsanta leanúnach do bhaill foirne atá ag iarraidh a gcuid scileanna sa Ghaeilge a fheabhsú.

- Is féidir breathnú ar an dara Scéim Gaeilge, 2009-2012, atá ag an Choiste ar shuíomh gréasáin corparáideach an Choiste ag an seoladh www.donegalvec.ie

- Chuir an tSeirbhís Oideachais Ceoil teagasc uirlise ar fáil trí mheán na Gaeilge ar Oileáin Thoraí agus Arainn Mhór mar chuid dár dtograí faoi PEACE III.

## Tosaíocht 15

### Forbairt a dhéanamh ar chórais do bhainistíocht aighnis a chuireann san áireamh slite malartacha do réiteach aighnis

• Le blianta fada tá CGO Dhún na nGall ag tacú le slite malartacha do réiteach aighnis. Cuirtear prionsabail d'Idirghabháil agus de Cheartas Athshlánaíoch i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, do Bhaill Foirne agus do Mhic Léinn araon.

• Tá baill foirne faoi leith ina nIdirghabhálaithe cáilithe. Tá painéal inmheánach d'Éascaitheoirí do Réiteach Aighnis ag an Choiste chomh maith le líonra seachtrach d'Idirghabhálaithe agus Comhairleoirí a chleachtaíonn go gairmiúil.

• (Pléitear é seo fosta i dTosaíocht 13)

## Tosaíocht 16

### Struchtúir agus tosaíochtaí eagrúcháin a athchóiriú agus solúbthacht a chur chun cinn i ndáil le róil oibre chun iad a bheith in oiriúint do riachtanais atá ag athrú.

Cuireann Rannóg na nAcmhainní Daonna i CGO Dhún na nGall tacaíocht ar fáil trí cheithre réimse oibre faoi leith, mar a leanas:-

• Riarachán Acmhainní agus Saoire
• Earcaíocht agus Roghnúchan
• Feidhmeanna Ginearálta Acmhainní Daonna
• Aoisliúntas/Pinsin.

Bhí tionchar suntasach ag reachtaíocht chosanta, i.e. na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Oibrithe Páirtaimseartha), 2001 agus (Oibrithe ar Théarma Socraithe), 2003, maraon leis na comhaontuithe comhchoiteann a tharla dá mbarr, ar bhaill foirne an Rannán Acmhainní Daonna i rith 2011.

| Postanna | Líon Post |
|---|---|
| Múinteoirí (PRPT) | 14 |
| Comhordaitheoir Teagmhála Baile/Scoile/Pobail | 1 |
| Cúntóirí Riachtanais Speisialta | 6 |
| Príomhoidí Cúnta* | 3 |

* Cheadaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna na postanna freagrachta seo ar bhunús eiseachtúil do Ghairmscoil na Mainistreach, an dara scoil iar-bhunoideachais is mó de chuid an Choiste.

**Table 1.1 - Positions Filled in 2011**

Chomh maith leis an mhéid thuasluaite, baintear úsáid as acmhainní fosta ar mhaithe le postanna Ócáideacha agus Neamh-Ócáideacha a líonadh i Scoileanna/Coláistí/Ionaid an Choiste. Sa bhliain 2011, ceapadh 30 duine faoi choinne postanna den chineál sin tríd na gnásanna Earcaíochta agus Roghnúcháin.

## Foireann Teagaisc

Ar mhaithe le líon na múinteoirí do scoileanna agus colaistí dara leibhéil a dheimhniú, tosaíonn próiseas i mí Dheireadh Fómhair gach uile bhliain trína gcuirtear leithdháileadh táscach na múinteoirí, bunaithe ar uimhreacha tinrimh dara leibhéil na scoilbhliana roimhe sin, ar aghaidh chuig gach Scoil/Coláiste dara leibhéal. Ceadaíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna breis leithdháileadh múinteoirí mar a leanas:

- Tríd an phróiseas achomhairc chuig Leithdháileadh Tosaigh na Roinne, mar thoradh ar mholtaí mionsonraithe ó gach scoil/coláiste i ndáil le géar-easnaimh churaclaim. Maireann an phróiseas seo ó mhí Feabhra go mí Mheithimh.

- Iarratais ar acmhainní i ndáil le riachtanais speisialta, foghlaimeoirí ón Lucht Siúil agus foghlaimeoirí nach Náisiúnaigh iad.

- Tuilleadh iarratas ag baint le huaireanta cúitimh do Chomhordaitheoir na gClár agus Stiúrthóirí Oideachais d'Aosaigh, lamháltais curaclaim agus Cláracha iar-Ardteistiméireachta.

- Leithdháileadh a nochtann ó chláracha macasamhail an Clár Críochnaithe Scoile agus DEIS.

Ba é 388.56 Coibhéis Lánaimseartha an Leithdháileadh deiridh Múinteoirí do Choiste Gairmoideachais Dhún na nGall do mhí Mheán Fómhair 2011 (an scoilbhliain 2010/2011).

## Foireann Riaracháin

Déanann an Roinn Oideachais & Scileanna leithdháileadh ar an Fhoireann Riaracháin ar an bhunús seo a leanas:-

• de réir na bhfoirmlí comhaontaithe atá leagtha síos i dTuarascáil Rochford agus comhaontú ina dhiaidh sin ar leibhéal an tsoláthair foirne sna Coistí Gairmoideachais, agus

• ar bhunús cláir.

Cuirtear Tuarascálacha chuig an Roinn Oideachas agus Scileanna dhá uair sa bhliain i ndáil lena leibhéal ceadaithe feidhmíochta ina leith seo.

Sa bhliain 2011, bhí 71 ball foirne riaracháin fostaithe i bPríomhoifigí Riaracháin an Choiste, sna Scoileanna, sna Coláistí agus sna hIonaid. Bhí leibhéal na foirne riaracháin ionann le 7.08% den bhuiséad pá foriomlán.

## Foireann Tacaíochta

Déantar Ball Foirne Tacaíochta a leithdháileadh de réir líon agus méid na Scoileanna/Coláistí agus caighdeán/acmhainn na cóiríochta a úsáidtear i ngach cás. Bhí iomlán de caoga is a haon (51) ball foirne tacaíochta fostaithe i bPríomhoifigí Riaracháin an Choiste, sna hIonaid, sna Coláistí agus sna Scoileanna le linn na bliana 2011. Bhí leibhéal na foirne tacaíochta ionann le 3.38% den Bhuiséad Pá foriomlán.

## Cothromaíocht Oibre-Saoil agus Teidlíochtaí Saoire na mBall Foirne

Aithníonn CGO Dhún na nGall go bhfuil riachtanais agus oibleagáidí pearsanta ag baill foirne agus, chomh fada agus is féidir laistigh de na treoirlínte ábhartha, déanann an Coiste éascú ar theidlíochtaí saoire chun freastal ar na riachtanais sin. Léiríonn Figiúr 1.2 na hiarratais ar theidlíochtaí saoire a ndearnadh próiseáil orthu don fhoireann i rith 2011.

| | |
|---|---|
| Saoire Mháithreachais | 46 |
| Saoire Thuismitheora | 12 |
| Iasachtaí | 3 |
| Saoire Chúramóra | 1 |
| Post-Roint | 22 |
| Comhroinnt Oibre | 6 |
| Sos Gairme | 8 |

**Figiúr 1.2**
**Iarratais ar Theidlíochtaí Saoire**

Tá cothabháil a dhéanamh ar iomlán thaifid eile na foirne, macasamhail neamhláithreacht bhaill foirne mar gheall ar bhreoiteacht, saoire bhliantúil, saoire atruach, saoire force majeure, saoire gan pá agus déantar taifid phearsanta a thabhairt suas chun dáta de réir riachtanais iniúchóireachta/eagrúcháin.

• In Ionad Eachtraíochta Ghartan, aithnítear gurb é solúbthacht an toisc ratha. Admhaíonn agus aontaíonn na baill foirne go léir le cultúr na soblúbthachta i ngach ról oibre.

vec

## Tosaíocht 17

### Straitéis chomhtháite do Theicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide (TFC/ICT) a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do CGO Dhún na nGall

- Mar chuid den Straitéis do Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), bunaíodh Grúpa Oibre Shuíomh Gréasáin in 2011. Is é an chuspóir a bhí ag an ghrúpa seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar an suíomh gréasáin agus réitigh a chur i bhfeidhm chun go mbeadh fáil níos éasca air agus go mbeadh sé ábhartha d'iomlán na bpáirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le CGO Dhún na nGall. Bhí ceithre chruinniú ag an ghrúpa le linn na bliana 2011.
- I ndiaidh leagan píolótach, rinneadh tuilleadh forbartha ar shuíomh gréasáin úr inar cuireadh barúlacha agus aiseolas san áireamh.
- Cuireadh níos mó béime ar chuma an tsuímh ghréasáin maraon le struchtúr agus so-úsáidte na roghachlár.
- Tugadh freagracht do bhall foirne amháin le haire a thabhairt don suíomh gréasáin, rud a chiallaigh go raibh idirchaidreamh ar siúl leis na Scoileanna, Coláistí agus na hIonaid go léir chun a chinntiú go mbeadh píosaí nuachta suas chun dáta curtha ar an suíomh gach lá.
- Forbraíodh an suíomh gréasáin go dátheangach sa dóigh go gcloífeadh sé le gealltanais Scéim CGO faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.
- Tá baill foirne ag baint tairbhe as mír faoi leith den suíomh gréasáin atá dírithe ar inlíon na foirne. Tá na Scoileanna, Coláistí agus Ionaid ag uasghrádú a n-infreastruchtúr TFC i gcónaí ag cur TFC isteach sa teagasc agus san fhoghlaim chomh fada agus is féidir, ag brath ar na hacmhainní atá ar fáil.

## Tosaíocht 18

### Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn ar mhaithe le tacú le forbairtí sa teagasc agus san fhoghlaim, agus le bainistiú faisnéise, cumarsáide agus comhoibriú.

- Sa bhliain 2011, bhain Scoileanna, Coláistí agus Ionaid úsáid as teicneolaíochtaí úrnua do theagasc agus foghlaim, do bhainistiú faisnéise, cumarsáide agus comhoibriú ina gcuid clár agus seirbhísí.
- Rinneadh infheistíocht mhór i dtrealamh do Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), mar shampla ceannaíodh iad seo a leanas:-
  - Teilgeoirí Sonraí úrnua (Coláiste na Carraige, Coláiste Chineál Eoghain, Coláiste Cranncha, Gairmscoil Mhic Diarmada, Gairmscoil Chú Uladh, Coláiste na Maoile Rua);
  - Cláir Bhána idirghníomhacha (Coláiste Chineál Eoghain, Coláiste an Earagail)
  - Amharcléirítheoirí (Coláiste Chineál Eoghain, Coláiste na Daoile, Coláiste an Earagail, Coláiste na Maoile Rua)
  - Ríomhairí agus ríomhairí glúna (Coláiste Chineál Eoghain, Gairmscoil Mhic Diarmada agus Gairmscoil Chú Uladh).
  - I measc na hinfheistíochtaí eile, cuireadh isteach Córas ePortal (Coláiste na Daoile, agus Coláiste Pobail Bhun an Phobail).

# Ag Úsáid Teicneolaíocht Faisnéise

• I gcuid de na scoileanna agus coláistí, rinneadh forbairt ar scileanna na bhfoirne in úsáid TFC agus blaganna agus ag cur TFC isteach sa teagasc agus san fhoghlaim: (Coláiste Ailigh, Gairmscoil Mhic Diarmada, Coláiste Magh Éne, Coláiste Pobail Bhun an Phobail, Coláiste Phobail Colmcille, Gairmscoil Chaitríona agus Coláiste Ghleann Fhinne)
• Úsáideadh tuairiscí ríomhghinte don chéad uair i gcuid de na scoileanna (Coláiste Cranncha).
• Cuireadh tús le húsáid Cat 6 Cabling chuig na ríomhairí i gColáiste na Daoile
• Tá seirbhís Wi-Fi anois i ngach áit i gColáiste Ghleann Fhinne.
• Rinne cúpla ionad (Coláistí an Earagail agus na Maoile Rua) tuilleadh forbartha ar a gcuid suíomh gréasáin scoile agus bhain siad níos mó úsáide astu. Lena chois sin, thug Coláiste an Earagail isteach clár fógraí leictreonach i spás cúrsaíochta na ndaltaí agus i seomra na foirne.
• Chuir Ambasáid na Polainne maoiniú ar fáil do Choláiste an Earagail faoi choinne Cineama Scoile le húsáid do ranganna Scoile Domhnaigh sa Pholainnis agus do phobal an Choláiste.
• Ghlac daltaí ó Choláiste Phobail Colmcille páirt i gcúrsa sna Meáin, ar an dóigh le ceamara a láimhseáil agus ar an dóigh le pleanáil, cruthú agus eagarthóireacht a dhéanamh ar chláracha don teilifís agus don raidió.
• Sa tSeirbhís d'Oideachas Aosach, agus sna cláracha BTEI, Foghlaim don Saol agus Ógtheagmháil, tugadh isteach córas nua do bhunachar sonraí chun go ndéanfaí iomlán eolais fá fhoghlaimeoirí, rannpháirteach i gcúrsaí, a thuairisciú go beacht agus na riachtanais casta tuairiscithe do chuid de na cláracha a chuíchóiriú.
• Rinne an Treoirsheirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm ar cur chuigí nua do thrialacha spéise agus inniúlachta ar bhonn TFC i ndáil le roghanna gairme. Chuir VTOS níos mó béime ar fhoilsiú eochairfhaisnéis faoi dhoiciméid ar shuíomh gréasáin an CGO. Chomh maith leis sin, fuair an fhoireann roinnt traenála in úsáid na teicneolaíochta san oideachas.
• Rinne Ionad Eachtraíochta Ghartan forbairt ar Chúrsaí i gCóras Suite Domhanda (GPS) agus nuair a bhí a leithéid fóirsteanach, chuir siad GPS san áireamh i gcúrsaí loingseoireachta faoin aer.
• Bhain an tSeirbhís Oideachais Ceoil úsáid as Macs chun Cumadóireacht Ceoil agus Teicnící Taifeadta agus Eagarthóireachta a mhúineadh le linn Cúrsaí In-seirbhíse Samhraidh do Mhúinteoirí agus i rith Scoil Samhraidh Ceoil Dhún na nGall.

## Tosaíocht 19

### Straitéis fhorásach do chaidreamh poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do CGO Dhún na nGall

• Ceann de na spriocanna i bPhlean Oideachais chúig bliana CGO Dhún na nGall ab ea straitéis shoiléir do chaidreamh poiblí a fhorbairt in 2012 trí Ghrúpa Oibre ar Phróifíl agus Brandáil.
• In 2011, lean Scoileanna, Coláistí agus Seirbhísí ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag forbairt a gcaidreamh poiblí aonair sna slite seo a leanas:-

- Altanna Rialta sna meáin áitiúla
- Aonach Bliantúil d'Oideachas Aosach.
- Suíomhanna gréasáin na Scoileanna, na gColáistí agus na nIonad agus suíomh gréasáin baile CGO Dhún na nGall
- Irisí ó Scoileanna agus Coláistí aonair agus Nuachtlitreacha Ógtheagmhála le daoine áitiúla a chur ar an eolas fá imeachtaí agus gníomhaíochtaí
- Oícheanta oscailte do Thuismitheoirí agus do Dhaltaí Ionchasacha
- Cuirtear Drámaí agus Coirmeacha Ceoil ar siúl sna Scoileanna agus Coláistí go léir

## Tosaíocht 20

### Tógáil ar an chaidreamh le páirtithe ábhartha, ina measc an pobal, páirtithe deonacha, páirtithe reachtúla, eagraíochtaí trasteorann agus eagraíochtaí gnó ar mhaithe le spriocanna comhroinnte a bhaint amach.

• I rith 2011, lean gach Scoil agus Coláiste ar aghaidh leis an chomhoibriú le réimse leathan comhpháirtíochtaí áitiúla agus náisiúnta, ina measc, PDST, FETAC, HSE, SESS, NCSE, NEPS, NEWB, an Millennium Forum, Cláracha KEY & LET, Gnóthachan Sóisearach, Gaisce, Dámhachtainí John Paul II, Cumainn Tuismitheoirí, Ionad na mBan i Leitir Ceanainn, Fondúireacht Bluestack, Downstrands, Comhlachtaí Páirtíochta, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, Ionaid Lae Áitiúla, Cumann Naomh Uinseann de Pól, na Samáraigh, Ógras, Conradh na Gaeilge, GaeLinn, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Gaelscoileanna Teo, Fóras na Gaeilge.
• Dhaingnigh cuid de na hionaid a bpáirtíocht le tuismitheoirí; mar shampla, chuir Coláiste an Earagail roinnt cúrsaí ar fáil do thuismitheoirí: Gaeilge, Cócaireacht, Maireachtáil le Déagóírí agus Cleachtas Athshlánaíoch.
• Bhí dornán scoileanna rannpháirteach sna Cláracha Críochnaithe Scoile áitiúla (Coláiste na Maoile Rua) agus leis na teagmhálaithe d'Idirchaidreamh Críochnaithe Baile-Scoile (HSCL) maraon le ceangal a bheith acu le hógeagraíochtaí éagsúla, ina measc Ionaid Eolais don Aos Óg agus An Loft, clubanna spóirt agus Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall.
• Bhí Coláiste Ghleann Fhinne ar thús cadhnaíochta i bhforbairt riachtanais speisialta oideachais. D'éirigh go hiontach maith le cur chuige ina raibh Síceolaí Sinsearach ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), Síceolaí an CGO agus Múinteoirí rannpháirteach agus réamhghníomhach.

• I bhfoirgneamh úrnua an Choláiste, tá an rang ASD i gceartlár saol na scoile. Glacann na daltaí páirt go rialta in imeachtaí tiomsaithe airgid do charthanais sheachtracha.

• Chuir Coláiste Phobail Colmcille iad féin in aithne do scoil i gContae Thír Eoghain d'fhonn iargúltacht an oileáin a úsáid trí físchomhdháil. Fosta, lean an scoil ar aghaidh lena dlúth-chomhoibriú le Lasair, comhlacht a chuireann imeachtaí cultúrtha, ceol, damhsa agus amhránaíocht chun cinn.

• Leanadh ar aghaidh le bheith ag tógáil ar chomhpháirtíochtaí trasteorann. Mar shampla, d'fhreastail Coláiste Chineál Eoghain ar chomórtais in Lumen Christi, Doire, sa Chultúrlann i nDoire, i Leabharlann Chathair Dhoire, agus i gcomhráite poiblí agus díospóireachtaí le Cumann Gaelach Chnoc na Ros agus Sentinus.
• Chomhoibrigh roinnt Scoileanna agus Coláistí le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, ina measc Gairmscoil Mhic Diarmada atá nasctha le Scoil Ghearmánach atá lonnaithe in Winnipeg, in aice le Hanover, agus chiallaigh an nasc sin gur fhreastail roinnt daltaí Gearmánacha ar an scoil go lánaimseartha i rith 2011.
• Bhí baint mhór ag Gairmscoil Chú Uladh le Clár Comenius agus le Clár i Staidéir  Eorpacha.
• Laistigh den tSeirbhís d'Oideachas Aosach, chuir an tIonad Traenála i dTeicneolaíocht Faisnéise cúrsa FETAC Leibhéal 4 i Scileanna TF ar fáil mar chuid den Chlár Oiliúna d'Oibrithe Deonacha a eagraíonn Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall (DLDC).
• Le blianta fada anois, tá caidreamh láidir cruthaithe ag an Chlár BTEI le heagraíochtaí éagsúla, ina measc an dá cheann déag d'Ionaid Acmhainní Teaghlaigh ar fud an Chontae, Cláracha Forbartha Pobail, Comhlachtaí Páirtíochta Áitiúla, FÁS, Údarás na Gaeltachta agus an Scéim Sóisialta Tuaithe.  Mar thoradh air sin, is cur chuige comhoibritheach atá san earcaíocht, rud atá thar a bheith luachmhar do rathúlacht agus do sholáthar for-rochtana BTEI.
• Tá ceangail ag an chlár d'Oideachas Pobail le mórán páirtithe agus tá rathúlacht an chláir ag brath ar na ceangail sin, macasamhil FÁS, FSS, Údarás na Gaeltachta, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh, na Comhlachtaí Páirtíochta, earnáil na mBan agus go leor tograí pobail eile chomh maith le tionscnaimh trasteorann cosúil le Deaf Communications Infrastructure Development agus Women Into Public Life.
• Maidir le hAonach na bhFoghlaimeoir Fásta, a bhí eagraithe ag Treoirsheirbhís na bhFoghlaimeoirí Fásta, leanadh ar aghaidh sa bhliain 2011 ag cur le rathúlacht na mblianta roimhe sin agus ag tabhairt i gcuideachta a chéile soláthraithe oideachais pobail, deonacha, reachtúla agus soláthraithe trasteorann ar mhaithe le heolas fá oideachas agus oiliúint a thabhairt do dhaoine fásta i nDún na nGall.
• Laistigh den chlár Foghlaim don Saol, d'fhoilsigh comhpháirtíocht idir CGO Dhún na nGall agus Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt i nDoire, ar a dtugtar an History Links Project, d'fhoilsigh siad leabhar ina bhfuil píosaí scríbhneoireachta ó rannpháirtithe i nDúiche an tSratha Báin agus in Oirthear Dhún na nGall. Is é Them Were the Days teideal an leabhair agus ba é an tUasal Joe Mahon, a bhfuil clú air de bharr Lesser Spotted Ulster, a rinne an leabhar a lainseáil.
• Bhí caidreamh maith i gcónaí ag VTOS le fostóirí a bhuí do shocrúcháin oibre.

• Sa bhliain 2011, lean Ógtheagmháil ar aghaidh ag tógáil agus ag leathnú ar na comhpháirtíochtaí atá ag an tseirbhís sin cheana féin. Bhí Comhordaitheoir Ógtheagmhála an Chontae ina bhall de Choiste Pleanála an Chontae ar éirigh go rathúil leo i bhforbairt an tionscadal, an JigSaw Project (Sláinte Intinne an Aosa Óig) don Chontae.

• Tá sainmheon láidir na comhpháirtíochta i réim in Ionad Eachtaíochta Ghartan.

- Sa bhliain 2011, rinne an tIonad Eachtraíochta, i gcomhar le Sléibhteoireacht Éireann agus comhpháirtíochtaí láidre eile, eagrú agus óstáil ar an chéad Fhéile Deireadh Seachtaine Sléibhteoireachta do mhná dar teideal 'Women with Altitude', sraith cúrsaí agus imeachtaí le hiomrá mór.

- I gcomhar leis an Ionad Eachtraíochta, d'eagraigh an Club Trí-atlan 24/7, Leitir Ceanainn, an chéad trí-atlan rangaithe i nGartan. Imeacht mhór ab ea é seo ar an fhéilire spóirt agus reáchtálfar an dhá imeacht ar bhonn bliana.

• Tá mórán comhpháirtíochtaí bainteach leis an tSeirbhís Oideachais Ceoil, macasamhail Ionad Oideachais Dhún na nGall, an Lárionad Cultúrtha Réigiúnach, Clár Ealaíne Poiblí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Oifig PEACE III i gComhairle Chontae Dhún na nGall, Scoil Samhraidh Ceoil Dhún na nGall, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Cumann na gCeolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann, Banna Práis Naomh Íosef, An Sráth Bán, Banna Píob Albanach, An Bhréadaigh, agus an Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn/Comhairle Forbartha Tuaithe i dTuaisceart Éireann.

## • Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil ó Ollscoil Luimnigh

Tá an Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil ó Ollscoil Luimnigh a theagasc i Réigiún an Iarthuaiscirt le ceithre bliana agus ar champas Ollscoile Luimnigh agus in Cherry Orchard i mBaile Átha Cliath le cúig bliana. Tá bainistiú a dhéanamh ar an chlár ag Bord Comhpháirtíochta ina bhfuil ionadaíocht ag Ollscoil Luimnigh, CGO Dhún na nGall, Tascfhórsa Réigiún an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí, Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte (Dún na nGall) agus An Fóram Acóil Teo.

Déantar an Dioplóma i Staidéir Drugaí agus Alcóil ó Ollscoil Luimnigh a theagasc thar bhliain acadúil amháin. Tá sé saincheaptha chun fás pearsanta agus gairmiúil, maraon le forbairt scileanna, a sholáthar do chleachtóirí éagsúla atá ag obair ar shaincheisteanna drugaí agus alcóil, ó chosc go cóir leighis agus athshlánúchán. Tagann Céimithe an Dioplóma ó réimse earnálacha, macasamhail síciatracht, míochaine, obair shóisialta, oideachas, pobal agus deonach, sláinte agus ceartas.



Bhí ócáid bhronnta na dioplómaí ar siúl i mí Lúnasa in Ollscoil Luimnigh, áit a bhfuair na mic léinn go léir a rinne staidéar ar an chúrsa a gcáilíochtaí ollscoile amach.

vec

### 1. Seirbhisí Síceolaíochta Oideachais

• Leanann an tseirbhís ar aghaidh ag comhoibriú go dlúth le mórán seirbhísí eile agus tá sí i bhfabhar tógáil ar an chaidreamh láidir oibre chun obair ar spriocanna coitianta a éascú. Eagraítear cruinnithe rialta leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) faoi choinne pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar an obair i Scoileanna agus Coláistí an CGO i gcomhar le lucht bainistíochta an CGO. Ghlac NEPS páirt fosta sa Líonra RSO (Riachtanais Speisialta Oideachais) do scoileanna an CGO.

• Tá caidreamh maith oibre cruthaithe ag an tseirbhís chomh maith le seirbhís CAMHS an FSS, go háirithe i ndáil le daoine óga leochaileacha in ionaid Ógtheagmhála.

• Lena chois sin, oibríonn an tseirbhís go dlúth leis an Bhord Náisiúnta um Leas Oideachais (NEWB) ar mhaithe le héascú a dhéanamh, nuair is gá, ar aistriú dhaoine óga leochaileacha ó scoileanna go hIonaid Ógtheagmhála agus tacaíocht a thabhairt do na haistriúcháin sin.

## Tosaíocht 21

### Struchtúir níos fearr a chur ar fáil chun tacú le forbairt agus imeascadh na Seirbhísí don Óige ar fud an Chontae.

• **Na Caighdeáin Náisiúnta Cáilíochta d'Obair don Ógra (NQSF)**

- Gníomhaíonn An Creatlach Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta (NQSF) mar uirlis tacaíochta agus forbartha d'earnáil na hOibre don Ógra. Cuirtear ar fáil creatlach struchtúrtha trínar féidir measúnú, léiriú agus feabhsú a dhéanamh ar Obair don Ógra.
- Tá Bliain a hAon den phróíseas curtha i gcrích ag dhá Ógeagraíocht; Foróige ina n-áirítear: Ionad Eolais Aosa Óig Dhún na nGall agus an togra ar a dtugtar DECK a dhíríonn ar Fhorbairt an Ógra; Obair d'Ógra Éireann: Seirbhís Óige Dhún na nGall, ina n-áirítear: Ionad Eolais Aosa Óig, Leitir Ceanainn, an Clár Daybreak agus an Tionscadal Forbartha do Chlubanna Óige Áitiúla. Cuireadh Tuairiscí ar Dhul Chun Cinn i gcrích agus faoi bhráid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA). Thar ceann DCYA, rinne an tOifigeach Óige éascú ar phróíseas comhairliúcháin ar Chairt faoi leith do Chaighdeáin Cáilíochta faoi choinne Clubanna agus Grúpaí Óige atáthar á reáchtáil go deonach.

• **An Clár um Shíocháin agus Athmhuintearas**

- Rinneadh forbairt ar rannpháirtíocht le hEagraíochtaí Óige agus Pobail i nDún na nGall trí Chomhairle Chontae Dhún na nGall/Bord Forbartha an Chontae/Comhpháirtíocht na Síochána.
- Reáchtáladh Cúrsa Idirghabhála, FETAC Leibhéal 5, do dháréag Ceannaire Óige, a chríochnaigh an cúrsa i Feabhra-Márta.
- Cuireadh iarratas ar mhaoiniú chuig Comhlacht Speisialta an AE do Thionscadail, trí Chomhairle Chontae Dhún na nGall/Comhpháirtíocht na Síochána, faoi Céim 2 den Chlár Peace III. Rinne NYCI éascú ar Chlár Oiliúna Idirchultúrtha a chur Seirbhís Óige Dhún na nGall ar fáil do chúig déag Ceannaire Óige
- Tá an tOifigeach Óige ina bhall den Ghrúpa Oibre um Chleachtais Áthshlánaíocha do Scoileanna, Ionaid Ógtheagmhála agus Eagraíochtaí don Óige. Faigheann na tionscadail seo tacaíocht ó Chlár III, áta a bhainistiú ag Comhairle Chontae Dhún na nGall do Chomhlacht Speisialta Cláir an AE.

- **Coiste Sheirbhísí Páistí Dhún na nGall**
  • Tá Coiste na Seirbhísí Páistí freagrach as feabhsú a dhéanamh ar shaol páistí agus a dtuismitheoirí ag leibhéal áitiúil agus pobail, a bhuí do phleanáil, obair agus seachadadh seirbhíse atá go hiomlán comhtháite. Bhí an tOifigeach Óíge, atá ina bhall de Ghrúpa Pleanála Dhún na nGall do Shláinte Intinne an Óige, rannpháirteach san iarratas rathúil chuig Headstrong, an Lárionad Náisiúnta do Shláinte Intinne an Óige, don tionscadal darb ainm JigSaw Project. Tá an tOifigeach Eolais fosta ina bhall den Fhoghrúpa 'Slán Sábháilte'.

- **Scéim Dheontais na gClubanna Óige Áitiúla (LYCGS)**
  • Sa bhliain 2011, tugadh €42,880 i ndeontais bheaga do 70 Club/Grúpaí Óige i ngach cearn den Chontae, faoi Scéim Dheontais na gClubanna Óige Áitiúla, ar mhaithe le himeachtaí caithimh aimsire agus gníomhaíochtaí oideachasúla; costais reáchtála, riarachán, traenáil do cheannairí, ceannach trealaimh agus cláracha neamhfhoirmeálta oideachasúla agus oiliúna. Tá Scéim Dheontais na gClubanna Óige Áitiúla mar aitheantas ar an réimse éagsúil de chlubanna/grúpaí óige deonacha atá ag gníomhú sa chontae. Bronntar an deontas do dhá chatagóir: Deontas Club um Obair don Óige agus Deontas Club um Ghníomhaíocht don Óige.

- **Tionscadail Speisialta don Aos Óg**
  • Tuarascálacha Bliantúla agus Iarratais ar Athnuachan Maoiniúcháin chuig An Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, ina measc:
  • An Clár Daybreak
  • Ionad Eolais an Óige, Leitir Ceanainn
  • Ionad Eolais an Óige agus Tionscadal don Óige, Baile Dhún na nGall
  • Scéim Forbartha Réigiúnach Foróige don Aos Óg

- **Comhairle na nÓg Dhún na nGall**
  • Tá an tOifigeach Óige ina bhall de Ghrúpa Stiúrtha Chomhairle na nÓg. D'éirigh go maith le hiarratas ar mhaoiniú ó Chlár Peace III agus dá bharr sin bhíothas ábalta an tionscadal Chuala a chur i bhfeidhm d'Aos Óg nach gCluintear ach go hAnnamh. Is tionscadal é Chuala a mhairfidh naoi mí agus a bhfuil sé mar chuspóir aige níos mó deiseanna a chruthú don aos óg i nDún na nGall sa dóigh go mbeidh Comhairle na nÓg Dhún na nGall in ann a mbarúlacha agus a dtuairimí a chluinsin. Tá Comhairle na nÓg Dhún na nGall i bhfách le fóram óige a bhunú do dhaoine óga nach bhfuil guth acu san am i láthair i gComhairle na nÓg, agus iad a bheith rannpháirteach sna cinntí a mbeidh tionchar acu orthu ar fud an Chontae.

• Chomhoibrigh an Fóram Óige Chuala le Comhairle Óige Dhún na nGall chun na hábhair a ba mhó imní do dhaoine óga ar fud an Chontae a fháil amach agus ansin, i ndiaidh feachtas gairid d'fhonn feasacht fá na saincheisteanna a ardú, beidh siad i dteagmháil le cinnteoirí agus pléfar na hábhair atá ag déanamh buartha do dhaoine óga. Ansin, tabharfaidh an Fóram Óige Chuala aiseolas do na daoine óga ag cruinnithe áitiúla agus ar-líne araon.

- **Togra um Oideachas & Cosc ar Dhrugaí/Alcól**

  • Seirbhís Drugaí & Alcóil don Aos Óg

  Cuireadh maoiniú ar fáil ar mhaithe le cur chuige pobail uile a fhorbairt agus a thacú i ndáil le hoideachas ar dhrugaí agus chun a chinntiú (i) go mbeadh daoine óga rannpháirteach i ndearadh agus i seachadadh na gclár oideachais ar dhrugaí, agus (ii) go mbeadh tuismitheoirí rannpháirteach sa chlár. Tá an clár seo maoinithe i gcomhar le Tascfhórsa Réigiún an Iarthuaiscirt ar Dhrugaí agus a chur i bhfeidhm ag an eagraíocht don aos óg ar a dtugtar Foróige.

# 7 Buaicphointí

## COLÁISTE NA CARRAIG



Ceoldhráma na Scoile
“An Draoi ó Oz”

## COLÁISTE AILIGH • LEITIR CEANAINN



Daltaí ó Choláiste Ailigh a ghlac páirt sa Mionmharatón Flora

Scoil nua Choláiste Ailigh



## COLÁISTE PHOBAIL SCOIL COLMCILLE • OILEÁN THÓRAÍ



Beartla Rua Ó Flatharta le Lauren Ní Bhaoill, Niamh Ní Dhubhgáin agus Ciara Ní Dhubhgáin le linn na Ceardlainne Drámaíochta.

Ciara Ní Dhubhgáin a bhain teastas ardmholta i gcomórtas “Scríobh Dán” a bhí a reáchtáil ag an iris ‘Ag Teagasc Béarla’



## COLÁISTE CRANNACHA, BUN CRANNCHA



Príomhoide Liam Galbraith ag déanamh bronnadh mar chomhartha buíochas ar na múinteoirí ó Uganda (Joseph, Bernadette agus Dorothy) tar éis seachtain mar mhalartú cultúrtha leis na daltaí i gColáiste Cranncha.

Foireann Peil Sacar na gCailíní ó Choláiste Cranncha a bhuaigh Corn Peil Ulaidh do Scoileanna.



## COLÁISTE NA DAOILE, RÁTH BHOTH



Iontrálacha Náisiúnta Junk Kouture

Trash Couture



## COLÁISTE GHLEANN NA FINNE, SRATH AN URLÁIR



## COLÁISTE CHINEÁL EOGHAIN, BUN CRANNCHA



## GAIRMSCOIL CHÚ ULADH, BÉAL AN ÁTHA MHÓIR



Sci Fest 2012

Teanga Chomharthaíochta



# 7 Buaicphointí

## GAIRMSCOIL MHIC DIARMADA , OILEÁN ÁRAINN MHÓR



Oscailt oifigiúil na seomraí ranga nua

Clar Radio Gael Linn



## COLÁISTE POBAIL BUN AN PHOBAIL





## COLÁISTE NA MAOILE RUAIDHE




Turas scoile go Páras – Deireadh Fómhair 2010

Comórtas Sew Cool – Múinteoir Aisling Mc Ateer. Comórtas Náisiúnta a chuirtear Ceardaíocht ón Teastas Sóisearach san ábhar Eacnamaíocht Bhaile le haghaidh cruthaitheacht. Denise Mc Geehan agus Shannon Sweeney.



## COLÁISTE NA MAOILE RUAIDHE



Comórtas Peil Sacar Roinn B do Chailíní Sinsearach FAI – Buaiteoirí Uladh 2010/2011 ar an 14 Nollaig 2010 don tríú bliain as a chéile.

All Ireland which was won February 2012.



# 7 Buaicphointí

## GAIRMSCOIL NAOMH CAITRÍONA, NA CEALLA BEAGA



Ciara McCarthy – sa Chluiche Ceannais Doodle do Google – Márta 2011

## TREOIRSHEIRBHÍS DON FHOGHLAIMEOIR



Aonach don Fhoghlaimeoir Aosaigh



## CLÁR TACAÍOCHTA OIDEACHAIS POBAIL



Gné Clocha

Balla Clocha ( i gcomhpháirtíocht le FÁS rinneadh ballaí nua clocha a thógáil ag an Oifig don Oideachas Pobail, Ard Scoil na gCeithre Mháistir.



## CLÁR TACAÍOCHTA OIDEACHAIS POBAIL



Seimineár Oideachais Pobail 2011 – Siobhan Coughlan, Patricia Britton, Meabh McGarvey, John Lonergan (cainteoir) Trisha McGuinness agus Cróna Gallagher.

Ag tógáil an polathollán leis an Ghrúpa Gairneoireacht i Rann na Feirste.



# 7 Buaicphointí

## CLÁR TACAÍOCHTA OIDEACHAIS POBAIL



Daltaí Oileán Árainn Mhór san Idirbhliain a chríochnaigh Cúrsa leis an Teanga Chomharthaíochta na hÉireann leis an múinteoir Kevin McCauley.

## IONAID CUMASÓIGE



Foghlaimeoirí ó Cumasóige Béal Átha Seanaidh ag glacadh páirt sna scileanna cócaireacht san Donegal Manor mar pháirt dá chlár samhraidh.

Foghlaimeoirí ó Cumasóige Leifear - Pól McGarrigle, Stiofan Hoynes, Andrew Walker agus Debra McGinley lena gcuid boinn cré umha Gaisce.



## IONAID CUMASÓIGE



Foghlaimeoirí Cumasóige ag glacadh páirt sa Chomórtas Masterchef idir na hIonaid – Nollaig 2011

Áine Ní Dhubhcháin (Cumasóige Gort a Choirce) ag glacadh gradam mar an phríomhbhuaiteoir ar an Clár Trasteorainn do Thiomanaithe óga 2011. Sa phictiúr léi tá Harry Rutherford (Comhairle um Sabháiltacht Bóithre Tuaisceart Eireann ) agus Eamonn Brown (Oifigeach Sábhailtacht Bóithre ó Comhairle Contae Dhún na nGall).



## 8.1 Appendix 1

### 8.1.1. Members of Co Donegal VEC Audit Committee

Chairperson - Clr Jimmy Kavanagh
Mr Peter Cutliffe
Clr Martin Farren
Clr Dessie Larkin
Mr Francis McDaid,
Clr Philip McGlynn
Clr Elizabeth McIntyre

### 8.1.2. Members of Co Donegal VEC Finance Sub-Committee

Chairperson Clr Pádraig O'Dochartaigh
Clr David Alcorn
Clr Michelle Bradley
Clr Joe Doherty
Clr Ian McGarvey
Ms Bernie Mulhern
Mr Alan Thompson
Ms MaryAnn Kane, Chief Executive Officer (Acting) (Ex-officio)

### 8.1.3. Adult Education Board

| | |
|---|---|
| Mr Gerry Bennett | Association of Principals of Secondary Schools |
| Ms Maureen Kerr | Donegal County Council (Library Service) |
| Ms Mary Crossan | St Johnston & Carrigans Resource Centre |
| Ms Aideen Doherty | County Development Board (Community and Enterprise Unit) |
| Mr Anthony Doogan | Association of Principals & Deputy Principals (PDA) |
| Mr Charlie Gallagher | Association of Community & Comprehensive Schools |
| Mr Colm Gallagher | VEC Representative |
| Mr Patrick Hannon | SIPTU |
| Ms Edith Marley | Irish Business and Employers Confederation (IBEC) |
| Ms Lorraine Murray | FÁS Training Centre |
| Mr Tom McArdle | Department of Social & Family Affairs |
| Mr James Mc Brearty | VEC Representative |
| Mr Art Mc Grath | Teagasc |
| Ms Dolores Mhic Gheidigh | VEC Adult Literacy Service |
| Mr Alan O'Baoid | Údarás na Gaeltachta |
| Ms Anne Sheridan | Health Services Executive |

| | |
|---|---|
| Ms Cróna Gallagher | Co Donegal VEC |
| Dr Martin Gormley | Co Donegal VEC |
| Ms MaryAnn Kane | Co Donegal VEC |

## 8.2 APPENDIX II - Schools/Colleges/Centres

### Schools & Colleges

Abbey Vocational School, Donegal Town
Coláiste Ailigh, Leitir Ceannain (Gaelscoil)
Coláiste Chineál Eoghain (Gaelscoil)
Coláiste na Carraige (formerly Carrick Vocational School)
Coláiste Phobail Scoil Colmcille, Oileán Thóraí (Gaelscoil & Island School)
Crana College, Buncrana
Deele College, Raphoe
Errigal College, Letterkenny
Finn Valley College, Stranorlar
Gairmscoil Chú Uladh, Béal an Átha Móir (Gaelscoil)
Gairmscoil Mhic Diarmada, Arranmore Island (Island School)
Magh Éne College, Bundoran
Moville Community College
Mulroy College, Milford
St Catherine's Vocational School, Killybegs

### Adult Education & Training Centres/ Youthreach

Adult Education & Training Centre/Youthreach - Ballyshannon
Adult Education & Training Centre/Youthreach – Buncrana
Adult Education & Training Centre - Donegal Town (Drumcliff )
Adult Education & Training Centre - Donegal Town (Ard Scoil na gCeithre Máistir)
Adult Education & Training Centre/Youthreach - Gort a'Choirce
Centre for Education - Senior Traveller Training Centre/Youthreach - Letterkenny
Adult Education & Training Centre – Letterkenny
Youthreach Centre – Glengad
Youthreach Centre - Lifford
Adult Education & Training Centre -Milford

## 8.3 APPENDIX III – Abbreviations & Key Reference

| | |
|---|---|
| Parent – | refers to Parent or Guardian |
| Student – | refers to Student/Trainee/Learner |
| CEO | Chief Executive Officer |
| CDB | County Development Board |
| CPD | Continuous Professional Development |
| BTEI | Back To Education Initiative |
| DES | Department of Education & Science |
| DEIS | Delivering Equality of Opportunity In Schools |
| EO | Education Officer |
| FETAC | Further Education & Training Awards Council |
| GCCC | Government Construction Contracts Committee |
| HACAP | Hawkeye Area Community Action Program, Inc |
| HSE | Health Service Executive |
| IVEA | Irish Vocational Education Association |
| JCSP | Junior Certificate Schools Programme |
| LCA | Leaving Certificate Applied |
| LCVP | Leaving Certificate Vocational Programme |
| LET | Leárgas Programme |
| LDS | Leadership Development for Schools |
| LGBT | The Lesbian, Gay, Bisexual & Transge <http://www.gaycenter.org/> nder |
| LMESP | Local Music Education Service Partnership |
| LYIT | Letterkenny Institute of Technology |
| NBSS | National Behavioural Support Services |
| NCSE | National Council for Special Education |
| NEPS | National Education Psychological Service |
| NEWB | National Education Welfare Board |
| NUI | National University of Ireland |
| PLC | Post Leaving Certificate |
| SESS | Special Education Support Service |
| SDPI | School Development Planning Initiative |
| SLSS | Second Level Support Service |
| SNA | Special Needs Assistant |
| SPHE | Social, Personal and Health Education |
| STTC | Senior Traveller Training Centre |
| TLT | Third Level Trainee Third Level Maintenance Grant Scheme |
| TUI | Teachers Union of Ireland |
| VEC | Vocational Education Committee |
| VTOS | Voluntary Training Opportunity Scheme |
| WSE | Whole School Evaluation |

vec

Coiste Gairmoideachais
Chontae Dhún na nGall

County Donegal Vocational
Education Committee

**Administrative Offices**

Ard O'Donnell
Letterkenny
Co. Donegal

T 074 916 1600
F 074 912 2439
info@donegalvec.ie
www.donegalvec.ie

The Annual Report 2011 complied by:
Ms Anne McHugh, Ms Jacqui Dillon, Ms Eileen Dennison & Dr. Sandra Buchanan